


# Tuarascáil Bhliantúil

## CHOMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO

# 2022




Mayo Sports Partnership

Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

SPORT IRELAND

www.mayo.ie/sports-partnership

MAYO.IE

SPORT IRELAND
LOCAL SPORTS PARTNERSHIPS



CHOMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT

# MHAIGH EO

# 2022


Brollach leis an gCathaoirleach agus le Comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo 4

**Mír a hAon: Príomhthorthaí 5**

1.1 Príomhthorthaí, Cúlra, Acmhainní agus Cistiú 6
1.2 Grafaic Faisnéise 7

**Mír a Dó: Cúlra, Acmhainní agus Cistiú 8**

2.1 Cúlra CSME 9
2.2 Foinsí Cistithe Tionscadal 9
2.3 Bainistíocht agus Foireann CSME 12

**Mír a Trí: Éachtaí CSME in 2022 13**

3.1 Réamhrá 14
3.2 Cumainn Spóirt agus Pobail Áitiúla a Fhorbairt 14
3.3 Cúrsaí Oiliúna agus Oideachais 15
3.4 Cláir Spórt Éireann a Sholáthar 16
3.4.1 Tionscnaimh Rannpháirtíochta CSME 17
3.4.2 Catagóiriú Thionscnaimh CSME 19
3.4.3 Tionscnaimh CSME a Soláthraíodh in 2022 20
3.4.4 An Teoiric Athraithe Iompraíochta 21
3.5 Comhpháirtíochtaí a Fhorbairt agus a Chothú 22
3.6 Líonrú, Tacaíocht agus Múscailt Feasachta 23
3.7 Rannpháirtíocht Comhpháirtíochta 24
3.8 Foilseacháin 25

**Mír a Ceathair: Cás-Staidéir CSME 26**

Cás-Staidéar 1: Leanaí Maratóin 27
Cás-Staidéar 2: Oiliúint ar Oibrithe Deonacha Spóirt CSME 29
Cás-Staidéar 3: Picil-Liathróid Chathair na Mart 31
Cás-Staidéar 4: Mol Eachtraíochta Béal an Átha – Cadhcáil 33
Cás-Staidéar 5: Bí Gníomhach Istigh, Baile an Róba 35
Cás-Staidéar 6: Béal Átha hAmhnais – Aclaíocht Seanóirí – Rang Aclaíochta Cathaoireach Taobh Istigh 37

**Mír a Cúig: Mná sa Spórt 39**

**Mír a Sé: Na Chéad Chéimeanna Eile 42**

**Aguisíní 44**

Aguisín A – Baill de Choiste CSME 45
Aguisín B – Gluais Téarmaí 45
Sonraí Teagmhála CSME

# BROLLACH

Tá gliondar croí orainn 16ú Tuarascáil Bhliantúil Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo a chur i láthair ina n-úsáidtear creat measúnaithe Spórt Éireann. Tugtar chun solais sa tuarascáil an mórmhéid a chuireann Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo leis na spriocanna a chur chun cinn a leagtar amach i mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 na Roinne agus inár bPlean Straitéiseach féin freisin, "Taitneamh á Bhaint ag Níos Mó Daoine as Níos Mó Spóirt".

Lean Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo ag cabhrú le daoine a bheith gníomhach agus na tairbhí a bhaint a chruthaíonn a bheith gníomhach trí na bacainní atá roimh rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht choirp a shárú. Tugtar chun solais i dTuarascáil Bhliantúil Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo 2022 na cláir agus na tionscnaimh nuálacha, ionchuimsitheacha agus chéimnitheacha a sholáthair CSME lena chinntiú go bhfuil an deis ag gach duine inár sochaí a bheith gníomhach go fisiciúil. Tugtar spléachadh beag i mír chás-staidéar na Tuarascála Bliantúla seo ar na cláir shaincheaptha atá ar tairiscint ar fud an chontae.

D'éirigh le CSME arís eile, a bhuíochas leis an tacaíocht a thug cistiú na gCuntas Díomhaoin agus Éire Shláintiúil, acmhainní a mhéadú do phobail atá níos deacra le haimsiú; bacainní a bhaint atá roimh rannpháirtíocht agus leanúint leis an tionchar dearfach is féidir leis an spórt a imirt ar shaol daoine a thaispeáint. Cuireadh fáilte mhór roimh Bhabhta 3 de Chistiú Tacaíochta COVID in 2022 do chumainn agus d'eagraíochtaí ar fud an chontae agus chuidigh sé leis na grúpaí níos lú siúd a mb'fhéidir nár cuireadh babhtaí eile den chistiú ar fáil dóibh.


Lean croífhoireann agus comhordaitheoirí moil CSME a conraíodh go seachtrach i rith 2022 le rogha ardchaighdeáin gníomhaíochtaí a sholáthar a bhí thar a bheith ionchuimsitheach i leith na ngrúpaí siúd a bhí deacair le haimsiú, i.e. Daoine faoi Mhíchumas, Mionlaigh Eitneacha, Pobal an Lucht Siúil, Daoine Óga faoi Mhíbhuntáiste, Cailíní sna Déaga agus Mná etc. Leanann ár bhfoireann de bheith an-spreagtha agus nuálach, go háirithe i dtaobh teicneolaíocht nua-aimseartha a úsáid a mheallann daonraí níos óige.

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh le buíochas a ghabháil le foireann CSME, coiste, comhpháirtithe, gníomhaireachtaí agus oibrithe deonacha CSME a leanann ag cur leis an rath atá ar Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo. Bhí gach duine díobh seo ríthábhachtach le cláir a sholáthar go rathúil a dhéanann an spórt agus gníomhaíocht choirp inrochtana do chách ar leibhéal pobail áitiúil. Thar ceann an choiste agus na foirne, ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le POF Spórt Éireann, an Dr Úna May agus le foireann uile Spórt Éireann as a dtacaíocht gan staonadh.

Ar deireadh, gabhaimid buíochas le POF Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Caoimhín Kelly agus leis an Stiúrthóir Seirbhísí Joanne Grehan as an tacaíocht leanúnach a thug siad don Chomhpháirtíocht in 2022



Cllr Michael Loftus
**AN COMHAIRLEOIR**
Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo



Charlie Lambert
**CEANN**
Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo






## Príomhthorthaí

## 1.1 Príomhthorthaí

Is í an tuarascáil seo 16ú tuarascáil bhliantúil CSME a úsáideann córas measúnaithe Spórt Éireann.

### Cúlra, Acmhainní agus Cistiú

- Infheistíodh €937,459 in CSME in 2022. Áirítear leis an bhfigiúr seo cistiú sochair comhchineáil €164,000 ó chomhpháirtithe
- Is ionann cistiú ó Spórt Éireann agus 55% de chistiú iomlán CSME in 2022, cuireadh 15% ar fáil ó Chuntais Dhíomhaoine, cuireadh 12% ar fáil ó chistiú a giaráladh go háitiúil agus cuireadh an fuílleach 18% ar fáil ó fhoinsí eile.
- D'fhóin 15 dhuine ar choiste CSME in 2022 agus ba bhaill bhaineanna 40% díobh.
- In 2022, d'oibrigh 6 dhuine go lánaimseartha thar ceann CSME agus bhí 4 chomhordaitheoir pháirtaimseartha Mol Spóirt ann.
- Chistigh Spórt Éireann 6 cinn go díreach 100%.

### Éachtaí Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo in 2022

Bonneagar Spóirt a Fhorbairt i Maigh Eo

- Sholáthair CSME tacaíocht chistithe €116,263 in 2022 do 110 cumann agus grúpa pobail ar fud an chontae.
- Tacaíodh le 50 grúpa i dtaobh a ngníomhaíochtaí a sholáthar
- Cuidíodh le 20 cumann/pobal lena struchtúir eagraíochta, bheartais nó bhainistíochta a fhorbairt
- Rinne CSME 35 cúrsa oiliúna agus oideachais, ceardlann agus seimineár gréasáin ar líne a phleanáil agus a sholáthar
- D'fhreastail 2,266 duine ar na cúrsaí seo

Cláir Spórt Éireann a sholáthar
Cód Eitice – Cosaint 1, 2 agus 3

- Chríochnaigh 295 rannpháirtí 23 cúrsa Bunfheasachta ar Chód Eitice – Cosaint 1
- Chríochnaigh 44 rannpháirtí 3 chúrsa Oifigeach Leanaí Cumainn – Cosaint 2
- Chríochnaigh 24 rannpháirtí 2 chúrsa Teagmhálaí Ainmnithe – Cosaint 3

Cláir Áitiúla a Sholáthar


- Ghlac 9,656 duine páirt in 85 clár rannpháirtíochta a soláthraíodh go háitiúil.
- Ghlac 4,385 duine páirt in 4 Idirghabháil Ghníomhaíochta Coirp, i.e. Míle sa Lá (Daily Mile), Operation Transformation, Leanaí Maratóin (Marathon Kids), Marcanna Clós Súgartha etc.
- Bhí 6,158 rannpháirtí faoi mhíbhuntáiste beag nó mór
- Ghlac 1,906 rannpháirtí baineann páirt i 9 gclár áitiúla Mná sa Spórt.
- An Clár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas – 993 rannpháirtí.

Comhpháirtíochtaí a Fhorbairt agus a Chothú

- Bhí baint ag CSME in 2022 in 43 gníomh beartais éagsúil.

Eolas a Sholáthar
Tugadh eolas ginearálta nó a bhain go sonrach leis an spórt do 21,216 duine aonair trí shuíomh gréasáin CSME, i nuachtlitir ar líne, sna meáin shóisialta nó i bpromóisean teachtaireachta téacs







# 2 Cúlra, Cistiú agus Acmhainní

## 2.1 Cúlra CSME

Sheol an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an 25 Iúil 2018. Tá mar aidhm ag an mBeartas Náisiúnta Spóirt rannpháirtíocht sa spórt in Éirinn a mhéadú ó 43% go 50% faoin mbliain 2027, comhionann le méadú 1% sa bhliain. Chun seo a bhaint amach, tugtar chun solais sa bheartas gur gá dul i ngleic le grádáin rannpháirtíochta trí dhíriú ar ghrúpaí inár sochaí a ghlacann páirt i bhfad níos lú ná an meán foriomlán. Áirítear leo seo daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle, mná agus cailíní agus grúpaí mionlaigh eitnigh, cosúil le pobal an Lucht Siúil.

Aithnítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt an príomhról a ghlacann Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo i rannpháirtíocht sa spórt agus conas is féidir léi cuidiú leis na gníomhartha rannpháirtíochta a leagtar amach sa Bheartas seo a sholáthar.

"Glacann an líonra Comhpháirtíochta Spóirt le ról ríthábhachtach agus leagadh an dualgas uirthi, ach go háirithe, leibhéil rannpháirtíochta sa spórt a mhéadú, go háirithe i measc na n-earnálacha siúd den tsochaí a ndéantar tearcionadaíocht dóibh sa spórt. Neart luachmhar ar leith is ea a n-inniúlacht le deireadh a chur le bacainní agus a chinntiú go mbeidh deiseanna rannpháirtíochta sa spórt forásach, nuálach agus iomlán ionchuimsitheach ar leibhéal áitiúil." – an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá 57 gníomh, ar an iomlán, sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, a mbaineann 26 díobh le rannpháirtíocht sa spórt. Cuid bhunúsach d'aghaidh a thabhairt ar Ghníomhartha Rannpháirtíochta an Bheartais Náisiúnta Spóirt is ea cumas na hearnála a mhéadú chun soláthar a dhéanamh, go háirithe na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (LSPanna) agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt (NGBanna) níos lú. A bhuíochas le méadú ar infheistíocht an rialtais in 2022, bhí ar chumas Spórt Éireann cumas agus acmhainn Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo a mhéadú agus tacaíochtaí réigiúnacha breise a sholáthar do na NGBanna níos lú. Bhí 6 fhoireann ar conradh de chuid na Comhairle Contae ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo in 2022

- Comhordaitheoir
- Riarthóir
- Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas (SIDO)
- Oifigeach Forbartha Spóirt Pobail (CSDO)
- Oifigeach Forbartha Cumainn, Éagsúlachta agus Spóirt Lasmuigh
- Oifigeach Promóisean, Feasachta agus Meastóireachta

De bhreis air sin, a bhuíochas leis an bpacáiste cistithe Covid-19 ón rialtas chun tacú leis an earnáil spóirt, bhronn Spórt Éireann €86,800 breise ar CSME le cláir agus scéimeanna deontais a thabhairt isteach mar fhreagairt do thionchar Phaindéim COVID-19.

Is í an tuarascáil seo 16ú tuarascáil bhliantúil Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo. Léirítear inti obair na Comhpháirtíochta don bhliain 2022. Bailítear eolas a chuirtear ar fáil trí chóras tuairiscithe Spórt Éireann isteach i mbunachar sonraí ina rianaítear doimhneacht agus fairsinge thionscnaimh CSME. Tugtar gníomhaíochtaí CSME ón mbunachar sonraí seo chun solais mar shamplaí de dhea-chleachtas agus cuirtear i láthair iad mar chás-staidéir níos déanaí in Mír 4 sa tuarascáil seo.


## 2.2 Foinsí Cistithe Tionscadal

### CROÍ-INFHEISTÍOCHT

Tacaíonn Spórt Éireann le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo chun forbairt spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus le leibhéil rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú. Tá méadú bliain ar bhliain ag teacht ar chroí-infheistíocht in CSME ó €210,540 in 2014 go €369,612 in 2022.

Tacaíonn an chroí-infheistíocht seo le croí-obair CSME; Cláir náisiúnta, tionscnaimh Oideachais agus Oiliúna, Forbairt Straitéiseach, Oifigeach Forbartha Spóirt Pobail (CSDO), an clár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas, cláir Mná sa Spóirt agus cláir rannpháirtíochta ghinearálta san áireamh.

De bhreis air sin, bhronn Spórt Éireann €70,000 breise in 2022 le 2 oifigeach bhreise a fhostú, is é sin, Oifigeach Forbartha Cumainn / Éagsúlachta agus Oifigeach Feasachta agus Meastóireachta Promóisean, chun freastal ar an ngá atá le hacmhainn mhéadaithe ar leibhéal áitiúil chun tacú go héifeachtach leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt a sholáthar.




**Fíor A** – Miondealú ar Chroí-Infheistíocht CSME 2014-2022

D'íoc Croí-Infheistíocht Spórt Éireann in 2022 as 84% de chroíthuarastail agus de chroíchostais oibriúcháin CSME. Soláthraíonn an infheistíocht seo de chuid Spórt Éireann, le tacaíocht ó chomhpháirtithe áitiúla, go háirithe Comhairle Contae Mhaigh Eo, na croí-acmhainní agus an creat a theastaíonn chun rannpháirtíocht sa spórt ar leibhéal áitiúil a fhorbairt. Éascaíonn an chroí-acmhainn seo cláir agus tionscnaimh a chur i bhfeidhm, a chistítear agus a dtacaítear leo trí Chuntais Dhíomhaoine Spórt Éireann agus go háitiúil freisin trí Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Éire Shláintiúil, FSS agus infheistíochtaí eile a dhéanann comhpháirtithe.

### Infheistíocht an Chuntais Dhíomhaoin


D'oibrigh maoinitheoir náisiúnta CSME, Spórt Éireann, leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le sraith beart a fhorbairt faoi Phlean Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin ó 2015. Déanann CSME soláthar, faoi Chuntais Dhíomhaoine, ar réimse cláir spóirt agus ghníomhaíochta coirp faoi na bearta seo a leanas a thagann leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt agus leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp (NPAP).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Beart 1** | Moil Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp Pobail | **Beart 3** | Bearta spóirt do Phobail faoi Mhíbhuntáiste chun tacú leis an NPAP |
| **Beart 2** | Mol Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Spóirt | **Beart 4** | Trealamh Spóirt a Sholáthar i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste |

Is iad na tionscadail go léir a chistigh Spórt Éireann trí sprioc na gCuntas Díomhaoin:

1. Forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste geilleagrach nó sóisialta;
2. Forbairt oideachais daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachais;
3. Daoine atá faoi mhíchumas (laistigh de bhrí an Achta um Stádas Comhionann, 2000).

Bhain ríthábhacht le hinfheistíocht na gCuntas Díomhaoin in CSME i dtaobh cabhrú le haghaidh a thabhairt ar réimse tionscadal nuálach ar leibhéal áitiúil. Bhronn Spórt Éireann €141,458 ar CSME in 2022 trí bhearta cistithe na gCuntas Díomhaoin.




**Fíor B** – Miondealú ar Infheistíocht Chuntais Dhíomhaoine CSME 2015-2022

## CISTIÚ CHUN FILLEADH AR AN SPÓRT COVID-19 2022

Mar fhreagairt bhreise do phaindéim Covid-19, d'infheistigh Spórt Éireann luach €1.2 Milliún de dheontais don líonra Comhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla. Bronnadh €50,000 ar CSME le Scéim Deontais Bhig do Chumainn Covid-19 a riar, atá ceaptha an baol a chruthaíonn ionfhabhtú Covid-19 a laghdú i suíomhanna cumainn agus spóirt phobail a laghdú. Forbraíodh an ciste chun tacú le clubanna a mb'fhéidir nach bhfuil an t-airgeadas acu prótacail sláinteachais agus scartha shóisialta a bhaineann le Covid-19 a chur i bhfeidhm. Bronnadh €36,800 breise le tionscnaimh a chur ar siúl i gceantair áirithe, cosúil le hOibriú go Deonach, Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Rannpháirtíocht sa Spórt.

## AN CLÁR PÍOLÓTACH GNÍOMHAÍOCHT CHOIRP DON TSLÁINTE

Roghnaíodh Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo go déanach in 2022 mar cheann de na 6 LSP rathúla le clár píolótach Gníomhaíochta Coirp don Sláinte a chur i bhfeidhm, oifigeach lánaimseartha a cheapadh san áireamh. Tá róil an Oifigigh Gníomhaíochta Coirp don tSláinte ceaptha bearna a líonadh atá ann ina measc siúd ar a bhfuil riocht ainsealach a dteastaíonn níos mó airde agus cúraim uathu le páirt a ghlacadh i ndeiseanna pobalbhunaithe gníomhaíochta coirp nó i bhfilleadh ar na deiseanna siúd. Ceapfar an t-oifigeach ar scála ghrád 5 agus beidh buiséad €60,833 ann don fhoireann agus do chláir.

## FOINSÍ CISTITHE EILE CSME

B'ionann cistiú ó Spórt Éireann (Croíchistiú, Míchumas agus Mná sa Spórt) agus 40% de chistiú iomlán CSME in 2022. Fuair Spórt Éireann cistiú breise chomh maith do CSME do thionscadail ar leith faoi Scéim na gCuntas Díomhaoin, COVID-19 agus Gníomhaíocht Choirp don tSláinte ar luach 30% den chistiú foriomlán. Tiomsaíodh an fuílleach 30% ó fhoinsí áitiúla, sochar comhchineáil, FSS, údarás áitiúil agus táillí imeachta/cúrsa san áireamh.



| Iomlán 2022 € | € | % |
|---|---|---|
| Cistiú Airgeadaíochta (a Giaráladh go hÁitiúil | 112,256 | 12% |
| Sochar Comhchineáil (a Foinsíodh go hÁitiúil) | 164,000 | 18% |
| Croíchistiú/Clár agus Deontas Míchumais Spórt Éireann | 354,612 | 38% |
| Deontas do Mhná sa Spórt Spórt Éireann agus do Sheachtain Amuigh faoin Aer | 17,500 | 2% |
| Cistiú Deontais Covid-19 Spórt Éireann | 86,800 | 9% |
| Deontas Gníomhaíochta Coirp don tSláinte | 60,833 | 6% |
| Cistiú na gCuntas Díomhaoin Spórt Éireann | 141,458 | 15% |
| **Iomlán** | **937,459** | **100%** |

**Tábla 1** – Miondealú ar Chistiú agus ar Shochar Comhchineáil a fuair CSME in 2022

Ba iad táillí imeachta / cúrsa, cúnamh deontais FSS, tacaíocht Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus leithdháileadh Sheachtain na Rothar na foinsí ba mhó de chistiú airgeadaíochta, seachas cistiú ó Spórt Éireann, agus ba í Comhairle Contae Mhaigh Eo ba mhó a sholáthair tacaíocht sochair comhchineáil. Tá €7,500 i dtreo tionscnaimh ghníomhaíochta coirp ó chiste Éire Shláintiúil san áireamh sa sochar comhchineáil seo ón údarás áitiúil.

| Seo thíos na foinsí ba mhó a ranníoc cistiú airgeadaíochta a foinsíodh go háitiúil le CSME, gan Spórt Éireann a áireamh. | | | |
|---|---|---|---|
| Táillí Cúrsa | 36% | Comhairle Contae Mhaigh Eo | 12% |
| FSS | 26% | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | 6% |
| Mionmharatón Ban Iarthar na hÉireann | 18% | Eile | 2% |

**Tábla 2** – Soláthraithe Cistithe Airgeadaíochta Áitiúla do CSME in 2022

| Seo thíos na heagraíochtaí a ranníoc cistiú sochair comhchineáil a foinsíodh go háitiúil le CSME, gan Spórt Éireann a áireamh. | | | |
|---|---|---|---|
| Comhairle Contae Mhaigh Eo | 67% | Cuideachtaí Comhpháirtíochta Leader | 4% |
| Na Meáin (Nuachtán Western People agus an Raidió Áitiúil) | 9% | Baill de Choiste CSME | 3% |
| FSS | 2% | Eagraíochtaí Spóirt | 3% |
| Seirbhísí Tacaíochta Áitiúla (Grúpaí Míchumais, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, an Garda Síochána etc.) | 9% | ATU Mhaigh Eo | 3% |

**Tábla 3** – Soláthraithe Sochair Comhchineáil Áitiúla do CSME in 2022

Leanann CSME a bheith rathúil i dtaobh cistiú a fháil ó fhoinsí áitiúla, agus ranníocadh 12% den chistiú airgeadaíochta áitiúil go háitiúil. Is ionann Sochar Comhchineáil agus 18% den tacaíocht iomlán do CSME a tugadh in 2022.

Moladh in Athbhreithniú Fitzpatrick agus a Chomhpháirtithe 2005 ar na LSPanna gur cheart 50% den chistiú a fhoinsiú go háitiúil. Má fhágaimid cistiú na gCuntas Díomhaoin ar lár, ar tháinig méadú mór air le blianta beaga anuas, is ionann cistiú / tacaíocht chomhchineáil a giaráladh go háitiúil agus 35% den tacaíocht iomlán. Ach má chuirimid cistí na gCuntas Díomhaoin san áireamh, tagann laghdú ar an gcéatadán sin anuas go 29%. Is é is príomhchúis leis an laghdú céatadáin seo an méadú mór ar chistiú Spórt Éireann a soláthraíodh do CSME trí chistiú na gCuntas Díomhaoin, trí chistiú Covid-19 agus trí chláir phíolótacha bhreise, cosúil leis an tionscnamh Gníomhaíochta Coirp don tSláinte.

Leanfaidh CSME le monatóireacht a dhéanamh ar an limistéar seo lena chinntiú go neartaítear an chomhpháirtíocht agus go bhfilleann sí ar mholtaí Athbhreithniú 2005 Fitzpatrick agus a Chomhpháirtithe a shásamh.

## 2.3 Bainistíocht agus Foireann CSME

### RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS IONADAÍOCHT AN CHOISTE

Bunaíodh coiste reatha CSME i ndiaidh thoghcháin áitiúla 2019 agus is in 2024 a thitfidh an chéad athrú eile amach.

- D'fhóin 15 dhuine, ar an iomlán, ar choiste CSME in 2022, ba baill bhaineanna 40% de choiste CSME, ar mó é sin ná an sprioc a mholtar sa Bheartas Mná sa Spórt agus sa Beartas Náisiúnta Spóirt, inar leagadh líon íosta ban 30% ar bhoird chomhlachtaí cistithe faoin mbliain 2027. Féach Aguisín A chun teacht ar liosta Ball de Choiste CSME
- Cuireann baill choiste tacair shainscileanna ar leith ar fáil dá n-obair laistigh de CSME. Tá an saineolas seo i limistéar an airgeadais agus na bainistíochta, anuas ar chaidreamh poiblí, rialachas agus acmhainní daonna. Cabhraíonn seo uile le cur le reáchtáil éifeachtach CSME.

Faoi mar a tharla le blianta beaga anuas, leanann ionadaithe ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, gníomhaireachtaí áitiúla agus an Earnáil Spóirt de bheith ar na trí rannpháirtí is gníomhaí i gcoiste CSME.

### FOIREANN CSME

Cistíonn Spórt Éireann croífhoireann CSME agus cistítear pearsanra páirtaimseartha eile trí fhoinsí eile. Anuas ar an gComhordaitheoir agus an Riarthóir, fostaíonn CSME Oifigeach Forbartha Spóirt Pobail (CSDO), Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas (SIDO), Oifigeach Forbartha Cumainn / Éagsúlachta / Lasmuigh agus, le déanaí, Oifigeach Promóisean / Feasachta. Bhronn CSME conradh freisin ar bheirt chomhordaitheoirí Mol Spóirt Pobail (Béal Átha hAmhnais agus Baile an Róba) in 2022 agus ar chomhordaitheoirí Moil Lasmuigh i mBéal an Átha agus Caisleán an Bharraigh le cúnamh ó chistiú na gCuntas Díomhaoin.

Bhronn CSME conradh freisin ar 25 teagascóir breise le cláir, cúrsaí, agus tionscnaimh a sholáthar laistigh den struchtúr Comhpháirtíochtaí.

MAYO
SPORTS PARTNERSHIP

Mayo Sports Partnership
Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo
SPORT IRELAND

SPORT IRELAND
LOCAL SPORTS PARTNERSHIPS


**Charlie Lambert**
Ceann Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo


**Tracy Cunnane**
Comhordaitheoir Mol Spóirt Bhéal Átha hAmhnais


**Janette Slatttery**
Oifigeach Forbartha Spóirt


**Ray McNamara**
Oifigeach Forbartha Cuimsiú Spóirt


**Deirdre Donnelly**
Oifigeach Forbartha Spóirt


**Celena McCormack**
Riarthóir Oifige


**Mark Smith**
Comhordaitheoir Mol Spóirt Bhaile an Róba


**Cathal Brady**
Oifigeach Forbartha Spóirt


**David Horkan**
Comhordaitheoir Mol Spóirt Bhéal an Átha


**Jarlath McHale**
Comhordaitheoir Mol Spóirt Caislean an Bharraigh

**Fíor C** – Foireann Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo in 2022






# 3

# Éachtaí CSME in 2022

## 3.1 Réamhrá

Tugann CSME faoi réimse fairsing gníomhartha agus é ina chuspóir leibhéil rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú ina bpobail áitiúla. Déantar na gníomhartha seo a ghrúpáil laistigh de cheithre limistéar torthaí:

- Oibriú chun clubanna, cóistí agus oibrithe deonacha a fhorbairt agus tacú le comhpháirtíochtaí idir cumainn spóirt áitiúla, eagraíochtaí pobalbhunaithe agus gníomhaireachtaí earnála.
- Níos mó deiseanna a chruthú chun teacht ar oiliúint agus oideachas maidir le soláthar an spóirt agus gníomhaíocht choirp
- Cláir, imeachtaí agus tionscnaimh spriocdhírithe a sholáthar le rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú
- Eolas a sholáthar faoin spórt agus gníomhaíocht choirp le feasacht agus rochtain a chruthú.

## 3.2 Cumainn Spóirt agus Pobail Áitiúla a Fhorbairt

Díríonn CSME go príomha ar leibhéal inbhuanaithe forbartha a bheith ann laistigh de na struchtúir spóirt áitiúla. Oibríonn CSME le cumann agus le grúpaí lena chinntiú go bhfuil struchtúir i bhfeidhm le rannpháirtíocht a chumasú do gach ball den phobal i réimse fairsing roghanna spóirt nó gníomhaíochta coirp.

Éascaítear an timpeallacht inbhuanaithe seo trí thacú le hoibrithe deonacha agus le cóitseálaithe i ndeiseanna chun barr feabhais a chur ar a scileanna agus caighdeán na rannpháirtíochta sa spórt a fheabhsú ina bpobail.

### CISTIÚ DO THACAÍOCHTAÍ CUMAINN AGUS POBAIL

Sholáthair CSME tacaíochtaí cistithe (Deontais Forbartha Cumainn, Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha nó Tacaíochtaí Eile) in 2022 do 110 cumann agus grúpa pobail ar fud an chontae.

| Ciste | Líon Grúpaí | € |
|---|---|---|
| Ciste Tacaíochta Pobail Covid-19 | 49 | €63,038 |
| Scéim Deontais Rannpháirtíochta Speisialta Bhliantúil | 36 | €42,265 |
| Tacaíocht d'Oibrithe Deonacha agus Oiliúna | 8 | €3,740 |
| Lasmuigh HER | 5 | €1,820 |
| Cistiú Sheachtain na Rothar | 12 | €5,400 |
| **Iomlán** | **110** | **€116,263** |

**Tábla 4** – Miondealú ar Chistiú a Bronnadh ar Ghrúpaí Áitiúla in 2022

### OBAIR FORBARTHA CUMAINN

Tacaíonn CSME le soláthraithe spóirt agus gníomhaíochta coirp ar fud an chontae, agus oibríonn sé le cumainn spóirt, pobail agus daoine aonair le deiseanna nua spóirt agus bealaí rannpháirtíochta san aclaíocht a thabhairt isteach.

Chuige seo, in 2022:

- Soláthraíodh tacaíochtaí cistithe (Deontais Forbartha Cumainn, Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha nó Tacaíochtaí Eile) in 2022 do 110 Cumann / Grúpa Pobail;
- Cuidíodh le 20 cumann/pobal lena struchtúir eagraíochta, bheartais nó bhainistíochta a fhorbairt;
- Cuireadh pacaí acmhainní CSME ar fáil do 90 cumann/pobal;
- D'fhreastail 12 chumann / phobal ar Cheardlanna Forbartha Cumainn;
  Sholáthair CSME teimpléid do 60 cumann/pobal
  Thit 120 cruinniú nó glao gutháin amach idir cumainn/pobail agus CSME le comhairle a roinnt;

Tábla 5 – Obair Forbartha Cumainn in 2022

Glacann CSME le príomhról i dtaobh comhairle a chur ar chumainn maidir le caighdeáin agus beartais rialachais a phleanáil, a mheasúnú agus a fhorbairt. Cuidíonn an obair thacaíochta seo le cumainn feabhsúcháin a dhéanamh le baill a mhealladh agus a choinneáil.



## 3.3 Cúrsaí Oiliúna agus Oideachais

Cuireann CSME réimse deiseanna tábhachtacha uasoiliúna agus oiliúna ar fáil ar leibhéal áitiúil d'oibrithe deonacha, cóitseálaithe agus riarthóirí. Dhá chlár den saghas siúd iad Ceannaireacht Óige agus Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha.

### CEANNAIREACHT ÓIGE

Forbraíonn an clár seo scileanna cineálacha ceannaireachta is féidir a chur i bhfeidhm ar spóirt agus/nó ar chásanna éagsúla caitheamh aimsire agus cuireann siad freisin le forbairt phearsanta an fhoghlaimeora. Leanann sé chomh maith le hoibrithe deonacha oilte a fhorbairt ar féidir leo cuidiú le tionscnaimh spóirt agus chaitheamh aimsire a sholáthar laistigh dá bpobal agus oiliúint do dhaoine óga á soláthar i gcomhthráth, a choinníonn iad gafa, a mhéadaíonn a bhfreagracht agus a fhorbraíonn a muinín agus a bhféinmheas agus a sholáthraíonn deis dóibh oibriú go deonach ar feadh an tsaoil.

### TACAÍOCHTAÍ D'OIBRITHE DEONACHA

Tá mar aidhm ag an tionscnamh seo daoine aonair ar a ndírítear a shainaithint agus cabhrú leo atá ag oibriú go deonach i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó le daoine faoi mhíchumas chun scileanna ceannaireachta spóirt agus gníomhaíochta coirp pobail a fhoghlaim, e.g. mar chóitseálaithe, ceannairí, moltóirí, baill de choiste, etc.

- Rinne CSME 35 cúrsa oiliúna agus oideachais, ceardlann agus seimineár gréasáin a phleanáil agus a sholáthar lena ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta;
- Ghlac 2266 duine páirt sna cúrsaí oiliúna seo.

| Cúrsa | Líon na Rannpháirtithe |
|---|---|
| Beir Beo ar an Saol - Oiliúint Ceannairí Gníomhaíochta Coirp (PALanna) | 8 |
| Oiliúint Múinteoirí ar Spórt a Sholáthar | 10 |
| Eile | 20 |
| Leanaí a Chóitseáil | 34 |
| Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas | 38 |
| Oiliúint Forbartha Cumainn | 45 |
| Oiliúint Rannpháirtíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas | 46 |
| Oiliúint Oibrithe Deonacha (Ainm in 'Eile') | 78 |
| Oiliúint Cadhcála (Ainm in 'Eile') | 82 |
| Ceannaireacht Óige | 94 |
| Cúrsa Garchabhrach (Ainm in 'Eile') | 96 |
| Gníomhaíocht Choirp don tSláinte | 100 |
| Seimineáir / Ceardlanna Spóirt | 200 |
| Oiliúint Cóitseálaithe/Teagascóirí (Ainm in 'Eile') | 265 |
| Oiliúint Treodóireachta | 1150 |
| **Olliomlán** | **2,266** |

**Tábla 6** – Miondealú ar Chúrsaí Oiliúna agus Oideachais a sholáthair CSME in 2022

## 3.4 Cláir Spórt Éireann a Sholáthar

### CEARDLANNA AGUS RÓIL CHOSANTA

Tá clár Cosanta CSME dírithe ar cheannairí spóirt agus ar dhaoine fásta atá bainteach sa spórt a eagrú do leanaí agus daoine óga. Is é sprioc an chláir feasacht a chur chun cinn ar dhea-chleachtas agus ar cheanglais dhlíthiúla i limistéar an chumhdaigh agus na cosanta leanaí. Leis an bhfeidhm seo a chur chun cinn, cuireann Spórt Éireann trí cheardlann ar tairiscint i limistéar an chumhdaigh agus na cosanta leanaí.

- **Cosaint 1** – Bunfheasacht (gach cóitseálaí)
- **Cosaint 2** – Oifigeach Leanaí Cumainn (rólsonrach)
- **Cosaint 3** – Teagmhálaí Ainmnithe (rólsonrach)

Tugtar cuntas thíos ar shonraí faoi na ceardlanna seo:

| Cosaint 1 - Ceardlann Bhunfheasachta Leasa agus Chosanta Leanaí | Cosaint 2 - Oifigeach Leanaí Cumainn (CCO) | Cosaint 3 – Teagmhálaí Ainmnithe (DLP) |
|---|---|---|
| Ceardlann Bhunfheasachta Leasa agus Chosanta Leanaí: Caithfidh gach Cóitseálaí, Oifigeach Leanaí agus Teagmhálaí Ainmnithe an Cheardlann Bhunfheasachta Leasa agus Chosanta Leanaí 3 huaire an chloig a dhéanamh ar dtús. Cuireann an Cheardlann seo oideachas ar rannpháirtithe ar dhea-chleachtas agus ar cheanglais dhlíthiúla a chur i bhfeidhm i dtaobh leas leanaí atá bainteach sa spórt a chosaint. | Caithfidh duine a cheaptar le post an Oifigigh Leanaí Cumainn i gcumann Cosaint 1 (Ceardlann Bhunfheasachta Leasa agus Chosanta Leanaí) a dhéanamh agus ceardlann 3 huaire an chloig an Oifigigh Leanaí Cumainn a chur ar siúl ina dhiaidh sin. Cabhróidh an cheardlann seo leis an Oifigeach Leanaí Cumainn tabhairt faoi fheidhm a róil sa chumann agus tacú le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i limistéar na cosanta sa chumann. | Caithfidh duine a cheaptar le post an Teagmhálaí Ainmnithe i gcumann Cosaint 1 (Ceardlann Bhunfheasachta Leasa agus Chosanta Leanaí) a dhéanamh agus ba cheart dóibh ceardlann 3 huaire an chloig an Teagmhálaí Ainmnithe a dhéanamh. Is féidir le cumann an duine céanna a cheapadh le poist an CCO agus an DLP, ach moltar, de réir dea-chleachtais, áfach, go gcoinnítear mar róil ar leith iad. |

### OIFIGEACH LEANAÍ CUMAINN (RÓLSONRACH)

Ba cheart go mbeadh an tOifigeach Leanaí Cumainn leanbhlárnach ó thaobh díriú de agus ba cheart go mbeadh éiteas leanbhlárnach a bhunú laistigh den chumann mar bhunaidhm. Is iad siúd an nasc idir na leanaí agus na daoine fásta sa chumann. Glacann siad freisin le freagracht as monatóireacht agus as tuairisciú a dhéanamh do Choiste Bainistíochta an Chumainn ar conas a imríonn beartas an chumainn tionchar ar dhaoine óga agus ar cheannairí spóirt.

### TEAGMHÁLAÍ AINMNITHE (RÓLSONRACH)

Ba cheart do gach cumann/eagraíocht duine a ainmniú a bheidh freagrach as déileáil le haon bhuarthaí faoi chosaint leanaí. Tá an Teagmhálaí Ainmnithe freagrach as líomhaintí nó amhras i leith mí-úsáid leanaí a thuairisciú do TUSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus/nó don Gharda Síochána. Moltar gur duine sinsearach sa chumann a bheidh sa duine seo. Ach, má tá deacracht ann le duine aonair ar leith a shainaithint chun glacadh leis an ról seo, is féidir an tOifigeach Leanaí Cumainn a cheapadh mar Theagmhálaí Ainmnithe a luaithe a thuigeann an cumann/eagraíocht freagrachtaí gach róil. Ba cheart go n-áireofaí le beartas agus nósanna imeachta um chosaint leanaí na heagraíochta ainm agus sonraí teagmhála an Teagmhálaí Ainmnithe agus na freagrachtaí a bhaineann leis an ról.

Rinne 295 ceannaire spóirt agus oibrí deonach oiliúint Chosaint 1 i measc 23 cúrsa a reáchtáil CSME. D'fhreastail 44 oibrí deonach ar an oiliúint leantach d'Oifigigh Leanaí i measc 3 chúrsa. Nuair a bhí Cosaint 3 á tabhairt isteach, cuireadh oiliúint ar 24 Teagmhálaí Ainmnithe in 2 chlár a d'eagraigh CSME. Lean CSME in 2022 le formhór mór na gcúrsaí seo a sholáthar ar líne.



Tábla 7 – Achoimre ar aschur Cosanta don bhliain 2022

| | COSAINT 1 | COSAINT 2 | COSAINT 3 |
|---|---|---|---|
| | 2022 | 2022 | 2022 |
| Líon cúrsaí a soláthraíodh | 23 | 3 | 2 |
| Number of participants | 295 | 44 | 24 |





**PICTIÚR:** Rannpháirtithe i Seachtain na Rothar

### 3.4.1 Tionscnaimh Rannpháirtíochta CSME

Déanann cláir spriocdhírithe a dhearadh, a sholáthar agus a athbhreithniú go díreach ag CSME an leibhéal rannpháirtíochta áitiúla a mhéadú, go háirithe i measc na ngrúpaí sóisialta atá níos deacra le haimsiú. Tá ar chumas CSME, trína saineolas agus a gceangail áitiúla laistigh den bhonneagar spóirt, riachtanais ar leith a shainaithint agus pleanáil dá réir. Lean CSME in 2022 le réimse nuálach cláir rannpháirtíochta a sholáthar;

- Ghlac 9,656 duine páirt in 85 clár rannpháirtíochta, lá / imeacht trialach a cuireadh ar siúl go háitiúil.
- Bhí 6,158 rannpháirtí faoi mhíbhuntáiste beag nó mór
- Ghlac 1,906 rannpháirtí baineann páirt i 9 gClár Mná sa Spórt.
- Ghlac 933 duine faoi mhíchumas páirt i gClár Rannpháirtíochta sa Spórt CSME.

Tábla 8 – Miondealú ar Chláir a sholáthair CSME in 2022




Anuas ar na tionscnaimh thuas, tacaíonn CSME chomh maith le roinnt idirghabháil gníomhaíochta coirp cosúil leis na tionscnaimh Rith Páirce, Marcanna Clós Súgartha, Leanaí Maratóin, Mile sa Lá. Níor cuireadh an idirghabháil seo san áireamh inár bhfigiúirí aimsithe mar gheall go ndéanann páirtithe leasmhara seachtracha (e.g. Rith Páirce) iad a stiúradh go príomha, nó gur deacair iad a thomhas (i.e. cén méid duine a bhí gníomhach agus cé chomh minic a bhí siad gníomhach, e.g. Marcanna Clós Súgartha). Idirghabháil thábhachtach iad, mar sin féin, a chuireann go mór leis na figiúirí i dtreo leibhéil rannpháirtíochta sa chontae.

| Idirghabháil | Líon |
|---|---|
| Marcanna Clós Súgartha | 500 |
| Operation Transformation | 815 |
| Leanaí Maratóin | 1,000 |
| Míle sa Lá | 2,070 |
| **Olliomlán** | **4,385** |

**Tábla 9** – Idirghabháil Gníomhaíochta Coirp CSME



## 3.4.2 Catagóiriú Thionscnaimh CSME

As na 9,656 rannpháirtí ar fhreastail na tionscnaimh seo orthu in 2022, ghlac 3,252 duine páirt trí chláir CSME, 4,097 duine trí imeachtaí CSME, aimsíodh 652 duine trí cláir NGB, ghlac 1,555 duine páirt trí sheisiúin trialach agus aimsíodh 100 duine trí champaí spóirt. Tugtar cur síos gearr ar na 5 chatagóir de thionscnaimh LSP chun solais sa tábla thíos.

**Tábla 10** - Cur Síos ar Chatagóirí Tionscnaimh

| Catagóir Thionscnaimh | Cur Síos |
|---|---|
| Cláir CSME | Is é an sainmhíniú a thugtar orthu ná deiseanna rannpháirtíochta faid sheasta a mhaireann níos faide ná seisiún amháin nó dhó. Is gnách go soláthraítear iad i rith roinnt seachtainí nó laethanta nach bhfuil i ndiaidh a chéile, e.g. Fir Aclaí, Beir Beo ar an Saol, Clár Siúil Pobail |
| Imeachtaí CSME | Is é an sainmhíniú a thugtar orthu ná imeachtaí rannpháirtíochta faid sheasta is gnách a mhaireann laethanta singil. Ba ghnách go leagfadh rannpháirtithe sprioc amach leis an imeacht a iontráil agus go dtabharfaidís faoi roinnt oiliúna nó go mbeadh bunaclaíocht nó bun-chorpacmhainn uathu le páirt a ghlacadh iontu. E.g. Rití 5 chiliméadar, Sraith Rothaíochta, Mionmharatóin |
| Seisiún Trialach | Is é an sainmhíniú a thugtar air ná deiseanna rannpháirtíochta a chuireann eispéireas amháin ar fáil, ar a mhéid, cé gur féidir deiseanna níos fadtéarmaí eascairt astu. Is gnách nach gá aon oiliúint a bheith curtha ar rannpháirtithe roimh ré agus nach dteastaíonn ach scileanna/corpacmhainn íosta roimh ré le páirt a ghlacadh, e.g. Laethanta Spraoi, Oícheanta Bí Gníomhach, imeachtaí don teaghlach, seachtainí um chur chun cinn etc. |
| Campaí Spóirt | Is é an sainmhíniú a thugtar orthu ná campaí spóirt ina gcuirtear deiseanna rannpháirtíochta ar fáil i spórt nó in ilspóirt. Is gnách go maireann siad níos lú ná seachtain, e.g. Campaí Sacair FAI, Campaí Cúl CLG |
| Cláir NGB | Is é an sainmhíniú a thugtar orthu ná deiseanna rannpháirtíochta agus is é NGB príomhsholáthraí an tionscnaimh. Is féidir le CSME tacaíocht agus acmhainní a sholáthar. E.g. Comórtais rugbaí, blitzchomórtais CLG, sraithchomórtais sacair |

Léirítear san eolas thíos an líon rannpháirtithe a ghlac páirt i ngach catagóir.

| Catagóir | Cláir | Rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Imeachtaí CSME | 11 | 4097 |
| Cláir CSME | 53 | 3252 |
| Seisiúin Trialach | 7 | 1555 |
| Cláir NGB | 11 | 652 |
| Campaí Spóirt | 3 | 100 |

Tábla 11 – **Rannpháirtithe de réir Catagóir Thionscnaimh**



**PICTIÚR:** Rannpháirtithe sa chlár 'Tar agus Bain Triail as Cadhcáil' i mBéal an Átha

## 3.4.3 Tionscnaimh CSME a Soláthraíodh in 2022

Seo a leanas léargas ginearálta ar na saghsanna tionscnaimh a soláthraíodh in 2022

| Saghas Spóirt | Rannpháirtithe | Cláir |
|---|---|---|
| Rith | 2220 | 3 |
| Ilspóirt | 1707 | 11 |
| Siúl | 1564 | 8 |
| Rothaíocht | 964 | 6 |
| Lúthchleasaíocht (rith as an áireamh) | 720 | 4 |
| Snámh | 588 | 5 |
| Curachóireacht/Cadhcáil/SUP/Bádóireacht Dragain | 570 | 13 |
| Treodóireacht | 341 | 4 |
| Aclaíocht (Halla Gleacaíochta, Ióga, Pilates, Aclaíocht Cathaoireach san áireamh) | 214 | 7 |
| Sacar | 162 | 4 |
| Cluichí Gaelacha | 153 | 4 |
| Tarraingt na Téide | 98 | 1 |
| Leadóg | 80 | 2 |
| Cispheil | 62 | 2 |
| Rugbaí | 51 | 3 |
| Boccia | 45 | 1 |
| Babhláil | 35 | 2 |
| Trí-Atlan | 25 | 1 |
| Scátáil Rollála | 25 | 1 |
| Tonnmharcaíocht | 16 | 1 |
| Slatiascaireacht | 8 | 1 |
| Picil-Liathróid | 8 | 1 |
| **Iomlán** | **9656** | **85** |

**Tábla 12 -** Tionscnaimh Rannpháirtíochta de réir Spóirt agus Líon Rannpháirtithe



**Pictiúr:** Grúpa Bhothán na bhFear ó Chaisleán an Bharraigh ag glacadh páirte sa chlár Fir Aclaí



## 3.4.4 An Teoiric Athraithe Iompraíochta

Chun tuiscint a fhorbairt ar Theoiric an Athraithe Iompair ar obair CSME a chur i bhfeidhm i dtaobh rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú, iarradh orthu bunéifeacht gach tionscnaimh a chatagóiriú faoi cholúin Shamhail Athraithe Iompraíochta COM-B. Déantar cur síos níos mionsonraithe sa tábla thíos ar éifeachtaí COM-B. Cuimseofar roinnt éifeachtaí COM-B i roinnt gníomhartha, agus roghnaigh CSME an éifeacht is suntasaí sa chás seo.


| BUNÉIFEACHT BCT COM-B | CUR SÍOS |
|---|---|
| Cumas Fisiciúil a Fhorbairt | Gníomhartha a fhorbraíonn scileanna an rannpháirtí, go príomha, e.g. cláir i rith seisiúin iolracha. |
| Cumas Síceolaíoch a Fhorbairt | Gníomhartha a fhorbraíonn eolas an rannpháirtí, go príomha, e.g. laethanta trialach, eolas atá dírithe ar chumarsáid. |
| Deiseanna Fisiciúla a Fhorbairt | Gníomhartha a dhéanann bonneagar, saoráidí nó trealamh a fhorbairt go príomha nó laghdaíonn costas nó a fheabhsaíonn rochtain, e.g. forbairtí caipitil, lascainí, soláthar eolais cosúil le heolairí cumainn agus saoráide |
| Deiseanna Sóisialta a Fhorbairt | Gníomhartha a dhéanann cultúr rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a fhorbairt go príomha, e.g. cumarsáid atá dírithe ar chúrsaí sóisialta |
| Spreagadh Machnamhach | Gníomhartha a sholáthraíonn spriocanna do rannpháirtithe, go príomha, e.g. imeachtaí rannpháirtíochta agus roinnt cumarsáide atá dírithe ar spriocanna |
| Spreagadh Uathoibríoch | Gníomhartha a dhéanann nósanna rannpháirtithe a fhorbairt, go príomha, e.g. idirghabháil a mhaireann níos faide, ar gnách go bhfuil rochtain gan stró orthu agus a imríonn tionchar beag aonair |

**Tábla 13 -** Cur Síos ar Shamhail Athraithe Iompraíochta (BCT) COM-B

Seo a leanas an líon rannpháirtithe a ghlac páirt i dtionscnaimh faoi gach ceann de na colúin athraithe iompair.

Moltar i samhail COM-B gur gá go mbeadh Cumas (Fisiciúil agus Síceolaíoch), Deis (Fisiciúil agus Sóisialta) agus Spreagadh (Machnamhach agus Uathoibríoch) ag duine aonair ar mhaithe le hiompar a athrú. Léirítear sa ghraf thíos go dtacaíonn 32% d'idirghabháil CSME go príomha le Spreagadh Machnamhach, go bhforbraíonn 29% Cumas Fisiciúil go príomha agus go bhfuil mar aidhm ag 16% tacú le Spreagadh Uathoibríoch. Tugadh líon níos mó idirghabhála ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo faoi deara in 2022 / tá éifeacht COM-B ag tionscnaimh ina spreagtar sprioc a leagan síos go machnamhach. Ba mhaith linn a chinntiú ann seo go mbaintear torthaí inbhuanaithe ónár n-obair agus go leanann níos mó agus níos mó daoine lena rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp.

**Fíor D -** Teoiric an Athraithe Iompair agus Líon Rannpháirtithe



## 3.5 Comhpháirtíochtaí a Fhorbairt agus a Chothú

### EOLAS A SHOLÁTHAR

Gníomhaíonn CSME mar mhol eolais agus pointe teagmhála laistigh de phobail. Oibríonn CSME le heolas a roinnt, agus mar threoraí díreach agus treoraíonn siad a spriocghrúpaí chuig an gcéad chéim eile is cuí, cibé acu más nasc le cumann spóirt, eagraíocht phobalbhunaithe nó deis oibrithe go deonach é sin.

Bailíonn CSME eolas leanúnach ar chineál agus ar mhéid a n-oibre le heolas a sholáthar dá bpobail agus lena ngníomhaíochtaí agus a gcláir a phróifíliú.

Léirítear sa tábla seo a leanas léargas ginearálta ar an réimse ardáin chumarsáide a úsáideann CSME, trí asraonta traidisiúnta agus meán sóisialta araon.

| Eolas a Sholáthar do Phobail trí na Meáin Thraidisiúnta | 2020 | 2021 | 2022 | Eolas a Sholáthar do Phobail trí na Meáin Shóisialta | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon agallaimh raidió | 8 | 10 | 10 | Facebook: Líon postálacha/nuashonruithe | 900 | 1300 | 1000 |
| Líon alt i nuachtáin/ar an raidió áitiúil | 18 | 22 | 20 | Facebook: Líon leantóirí | 6,495 | 6,300 | 6,700 |
| Líon nuachtlitreacha a scríobhadh | 6 | 10 | 6 | Twitter: Líon tvuíteanna | 300 | 345 | 360 |
| | | | | Twitter: Líon leantóirí | 2,418 | 2,500 | 2,500 |
| | | | | Instagram: líon postálacha | - | 450 | 430 |
| | | | | Instagram: líon leantóirí | - | 1,000 | 1,160 |
| **Eolas a Sholáthar do Phobail trí Chur chun Cinn ar Líne** | **2020** | **2021** | **2022** | **Eolas a Sholáthar do Phobail trí Sheirbhísí Téacsbhunaithe** | **2020** | **2021** | **2022** |
| Suíomh Gréasáin LSP: Líon alt nua | 40 | 40 | 41 | Líon teachtaireachtaí téacs a seoladh trí sheirbhís teachtaireachtaí téacs | 300 | 300 | 300 |
| Suíomh Gréasáin LSP: Amhairc Leathanaigh | 3500 | 3519 | 3900 | Líon grúpaí WhatsApp | - | 20 | 20 |
| | | | | Líon daoine i ngrúpaí WhatsApp | - | 600 | 600 |

**Tábla 14 –** Achoimre ar Chur chun Cinn CSME in 2022

Rinneadh suíomh gréasáin CSME a athfhorbairt agus a chuimsiú isteach i suíomh gréasáin foriomlán Mayo.ie Chomhairle Contae Mhaigh Eo in 2021. Leanann CSME le húsáid a bhaint as an ardán seo le rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíocht choirp a mhéadú, le réimse leathan clár agus tionscnamh ar líne a sholáthar le daoine a choinneáil gníomhach agus acmhainní spóirt agus gníomhaíochta coirp á bhforbairt i gcomhthráth don phobal a d'fhéadfaí teacht orthu ar a suíomh gréasáin, www.mayo.ie/sportspartnership

Tá CSME gníomhach freisin i dtaobh acmhainní sonracha a fhorbairt leis an réimse gníomhaíochtaí agus deiseanna atá ar fáil go háitiúil a thabhairt chun solais agus a chur chun cinn. D'fhéadfadh seo a bheith i bhfoirm nuachtlitreacha, preaseisiúintí, leabhrán, eolairí agus trí cháipéisí aistrithe. Tá bunachair shonraí ghníomhacha eagraíochtaí agus ghrúpaí áitiúla anuas ar liostaí teagmhála ríomhphoist á gcoinneáil ag CSME.

Is féidir le CSME a n-obair a chur chun cinn freisin trí thuarascálacha bliantúla, cosúil leis an gcáipéis seo. Úsáidtear foilseacháin agus cuir i láthair thaighde chomh maith go rialta lena bpríomhtheachtaireachtaí maidir le rannpháirtíocht a scaipeadh. Cuireadh 7 gcur i láthair ar siúl in 2022 do Chomhairleoirí, foireann Údaráis Áitiúil, grúpaí pobail agus comhpháirtithe/páirtithe leasmhara eile.

| Acmhainní Eolais a Tháirgeadh | 2022 |
|---|---|
| Líon nuachtlitreacha | 33 |
| Líon preaseisiúintí a eisíodh | 15 |

| Leas an Phobail Áitiúil | 2022 |
|---|---|
| Líon eolairí a táirgeadh/ a nuashonraíodh | 15 |
| Líon daoine/cumann/grúpaí ar liosta ríomhphost | 5,400 |



| Taighde agus Tuarascálacha a Scaipeadh | 2022 |
|---|---|
| Líon tuarascálacha bliantúla a eisíodh | 200 |
| Líon cur i láthair a soláthraíodh | 7 |

**Tábla 15 –** Achoimre ar Tháirgeadh agus Scaipeadh Eolas CSME in 2022

## 3.6 Líonrú, Tacaíocht agus Múscailt Feasachta

Limistéar tábhachtach oibre do CSME iad comhaontais agus caidreamh a fhorbairt le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta, anuas ar phríomhbhuartaí sa limistéar beartais a thabhairt le fios. Chun tabhairt faoin saghas seo oibre, tugann CSME faoi obair choiste agus gníomhaíochtaí líonraithe go gníomhach ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Ghlac CSME páirt in 2022 in 44 gníomh a bhain le líonraí a fhorbairt agus le tacaíocht a thabhairt thar ceann a spriocghrúpaí.

Tugann na líonraí áitiúla agus náisiúnta cumainn spóirt, gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla, oibrithe deonacha agus comhpháirtithe eile oibrithe le chéile agus soláthraíonn siad deiseanna d'iarrachtaí comhpháirtíochta a imríonn tionchar ar agus a sholáthraíonn acmhainní don spórt agus do ghníomhaíocht choirp ar leibhéal contae agus náisiúnta.

Éascaíonn na gníomhartha líonraithe agus múscailte feasachta seo méadú ar aimsiú CSME, agus déanann siad próifíliú ar a n-obair leanúnach. Anuas air sin, déanann na gníomhartha seo comhairle agus moltaí maidir leis an méid is féidir le CSME a dhéanamh chun cabhrú le cumainn agus comhpháirtithe spóirt a mheas.



**Pictiúr:** Rannpháirtithe i CLG don Chlár Uilechuimsitheachta Sóisialta


**Tábla 16 -** Léargas ginearálta ar an saghas gníomhartha ina raibh CSME bainteach in 2022.

Ceadaíonn gníomhartha i limistéar na habhcóideachta agus an bheartais do CSME tábhacht an spóirt i mbeatha an phobail a chur chun cinn.

| SAGHAS GNÍOMHARTHA LÍON GNÍOMHARTHA | 2022 |
|---|---|
| Líonraí Áitiúla, fóraim nó Coistí páirt inar glacadh páirt | 29 |
| Líonraí Réigiúnacha agus Náisiúnta inar glacadh páirt | 7 |
| Tionscadail Taighde ina rabhthas bainteach | 2 |
| Seimineáir nó Comhdhálacha ar freastalaíodh orthu | 3 |
| Aighneachtaí a rinneadh | 2 |
| **Iomlán** | **43** |

## 3.7 Rannpháirtíocht Comhpháirtíochta

Tá mar aidhm ag CSME deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp a stiúradh agus a chomhordú go háitiúil. Sholáthair croífhoireann CSME 14 thionscnamh in 2022, ach sholáthair teagascóirí, conraitheoirí, grúpaí pobail, cumainn, NGBanna, oibrithe deonacha agus comhpháirtithe eile 71 tionscnamh. Léirítear san fhíor thíos an réimse soláthraithe tionscnamh in 2022.




**Tábla 17 -** Príomh-Mheicníocht Soláthair do Thionscnaimh Rannpháirtíochta

Príomhchuid d'obair CSME freisin é comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí eile le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt a chur chun cinn. Chuige sin, rinne CSME teagmháil le 59 eagraíocht in 2022, 28 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta Spóirt, 5 NGB Míchumais, 3 chomhlacht a chistigh Spórt Éireann agus 23 comhpháirtí breise seachtrach ina measc.

Ba iad cumainn, grúpaí pobail, conraitheoirí, teagascóirí, oibrithe deonacha agus NGBanna na príomh-chomhpháirtithe soláthair do CSME i dtaobh tionscnaimh a sholáthar in 2022.


Ghlac CSME páirt i réimse spórt éagsúil i rith 2022 agus deiseanna rannpháirtíochta á soláthar dá spriocluchtTaispeántar san íomhá seo a leanas an réimse spóirt inar ghlac rannpháirtithe páirt fad a bhí siad ag glacadh páirte i dtionscnaimh rannpháirtíochta in 2022. Glacadh páirt i mbreis agus 20 spórt i rith na tréimhse seo. Gan Ilspóirt a áireamh, ba iad na 5 ghníomhaíocht ba mhó tóir in 2022 rith, siúl, rothaíocht, lúthchleasaíocht (gan rith a áireamh) agus snámh.




**PICTIÚR:** Rannpháirtithe i gClár Scátála Rollála Ban Fásta



**Fíor E** – Saghas an Spóirt agus Líon Rannpháirtithe




## 3.8 Foilseacháin



**TEIDEAL:** Nuachtlitir Dhémhíosúil ar Líne CSME – Nuachtlitir Lárbhliana 2022



**TEIDEAL:** Bileogín ar Líne chun an tSeachtain Chumais Spóirt 2022 a Sheoladh

### NUACHTLITIR AGUS BILEOIGÍNÍ MÍOSÚLA AR LÍNE

Eisíonn CSME nuachtlitir dhémhíosúil faoi láthair trí ardán Newsweaver do 5,000 faighteoir. Ceannaíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo ceadúnas Newsweaver gach bliain agus chuir an Oifig Cumarsáide oiliúint ar an bhfoireann. Anuas ar nuachtlitreacha, úsáideann Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo an t-ardán freisin le himeachtaí nó míreanna tábhachtacha nuachta, cosúil le himeachtaí, scéimeanna deontais, feachtais etc. a chur chun cinn.

Is féidir teacht ar na nuachtlitreacha go léir ar Shuíomh GréasáinCSME: **www.mayo.ie/sports-partnership/resources/newsletters**




### TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Déanann CSME cruachóip agus cóip bhog de cháipéis na Tuarascála Bliantúla a chur le chéile a chuirtear faoi bhráid Spórt Éireann mar chuid de rialachas CSME agus faoi bhráid na bpáirtithe leasmhara freisin ar ár n-ardáin mheán sóisialta / suíomh gréasáin. Cuireann coiste CSME a n-ainm leis an gcáipéis agus cuirtear faoi bhráid ár n-óstchomhlachta, Comhairle Contae Mhaigh Eo, freisin í.



# 4

# Cás-Staidéir CSME

## Cás-Staidéir 1

### Leanaí Maratóin

### Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Leibhéil ghníomhaíochta coirp Leanaí a mhéadú
- Leanaí a spreagadh Maratón a rith i gcaitheamh roinnt seachtainí.
- Foghlaim faoi Thairbhí sláinte an spóirt
- Leanaí a nochtadh do spórt na Lúthchleasaíochta

### Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Clár 8 seachtaine a dhíríonn ar scoláirí Rang 5 agus 6 é Leanaí Maratóin. Foghlaimíonn scoláirí faoi Thairbhí sláinte an spóirt agus tugann siad faoi cheithre sheisiún reatha gach seachtain a ullmhaíonn iad dá gcéad mharatón agus foghlaimíonn siad freisin faoi thairbhí na gníomhaíochta coirp."




**Pictiúr:** Rannpháirtithe ó Scoileanna Chaisleán an Bharraigh i gClár Marathon Kids

### Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

Clárú scoileanna le hainm a chur leis an gclár 8 seachtaine le páirt a ghlacadh i gceithre sheisiún reatha sa tseachtain.

Clár 8 seachtaine a dhíríonn ar scoláirí Rang 5 agus 6 é Leanaí Maratóin. Foghlaimíonn scoláirí faoi Thairbhí sláinte an spóirt agus tugann siad faoi cheithre sheisiún reatha gach seachtain a ullmhaíonn iad dá gcéad mharatón agus foghlaimíonn siad freisin faoi thairbhí na gníomhaíochta coirp."

Cuirtear deireadh leis an gclár tríd an míle deireanach a rith ar raon lúthchleasaíochta pobail ina dtagann na leanaí go léir le chéile don imeacht. An sceideal, anuas ar na físeáin traenála agus na naisc don tseachtain sin.

## Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Líonta méadaithe:

- Leanaí a raibh na treoirlínte maidir leis an nGníomhaíocht Choirp Laethúil a mholtar á sásamh acu.
- Leanaí nochta do Shaoráidí Lúthchleasaíochta agus Lúthchleasaíochta i Maigh Eo

Feasacht a mhéadú ar fud Mhaigh Eo ar obair Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

## Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

An t-éileamh ar an gClár Lúthchleasaíochta do Bhunscoileanna ar fud an Chontae a mhéadú.

An Clár a sholáthar do 5 scoil nua.

An Clár a sholáthar do bhunscoileanna i Maigh Eo arís an bhliain seo chugainn.

## Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc

Ag trácht di ar an siúlán nua agus ar chlár Leanaí Maratóin a sholáthar, dúirt Príomhoide Scoil Náisiúnta Naomh Aingeal, Nessa Maloney, "Tá leanaí ag iarraidh anois ar a múinteoirí dul amach ar an siúlán gach lá, is cuma cén aimsir atá ann. Clár an-oiriúnach é Leanaí Maratóin leis an áis seo a úsáid, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhairle na dTuismitheoirí a sholáthair an tionscadal seo".



## Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- Ghlac 25 scoil i Maigh Eo agus breis agus 850 scoláire Rang 5 agus 6 páirt







# Cás-Staidéir 2

## Oiliúint ar Oibrithe Deonacha Spóirt 2022

## Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Sraith chuimsitheach cúrsaí é Oiliúint ar Oibrithe Deonacha Spóirt 2022 a shárcháileoidh an gnáthoibrí deonach go ndéanfar cóitseálaí díobh dá gcumann áitiúil. Is í aidhm an chláir oiliúna seo an t-ualach airgeadais ar chumainn agus ar dhaoine leis na cúrsaí oiliúna seo a dhéanamh a laghdú. Chosnódh gach ceann de na sé chúrsa €200 leo féin, de ghnáth, ach gearrtar €20 anois ar gach ceann de na sé cinn le chéile mar phacáiste. I measc na gcúrsaí bhí Cosaint 1, an tSraith Ceardlanna Leanaí a Chóitseáil, Oiliúint Rannpháirtíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Garchabhair Spóirt, Seimineár Gréasáin Oiliúna PRO, an Seimineár Gréasáin Sonrach Spóirt "Gan Oibrithe Deonacha, Gan Mhaith" ("Without Volunteers, We Are Nothing").



**Pictiúr:** Rannpháirtithe sa Chlár Oiliúna Garchabhrach Spóirt

## Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Uasoiliúint a chur ar oibrithe deonacha sa phobal go ndéanfar cóitseálaithe níos cumasaí díobh ina bpobal agus a gcumainn spóirt.

Gan an costas iontrála a bheith ina bhacainn ar rannpháirtíocht.

## Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

Sraith chuimsitheach cúrsaí é Oiliúint ar Oibrithe Deonacha Spóirt 2022 a shárcháileoidh an gnáthoibrí deonach go ndéanfar cóitsealaí díobh dá gcumann áitiúil. Is í aidhm an chláir oiliúna seo an t-ualach airgeadais ar chumainn agus ar dhaoine leis na cúrsaí oiliúna seo a dhéanamh a laghdú. Chosnódh gach ceann de na sé chúrsa €200 leo féin, de ghnáth, ach gearrtar €20 anois ar gach ceann de na sé cinn le chéile mar phacáiste. I measc na gcúrsaí bhí Cosaint 1, an tSraith Ceardlanna Leanaí a Chóitseáil, Oiliúint Rannpháirtíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Garchabhair Spóirt, Seimineár Gréasáin Oiliúna PRO, an Seimineár Gréasáin Sonrach Spóirt "Gan Oibrithe Deonacha, Gan Mhaith" ("Without Volunteers, We Are Nothing").

## Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Rinneadh cóitseálaithe inniúla de 16 oibrí dheonacha neamhoilte i rith 6 seachtaine.
- Bhí cúrsaí ar a mbeadh freastal beag ina mhalairt de chás lán.
- Tá spéis i gcúrsaí Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo méadaithe go mór ag scéal scéil.

## Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

- Daoine a chríochnaigh an cúrsa seo a atreorú chuig oifigeach forbartha réigiúnach a gComhlachta Rialaithe Náisiúnta ábhartha chun go gcuirfear uasoiliúint bhreise orthu.
- Níos mó cúrsaí a ghrúpáil le chéile amach anseo le níos mó rannpháirtíochta sa Chomhpháirtíocht Spóirt a dhreasú.
- Cúrsaí oiliúna a chur ar siúl níos minice.

## Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

"Go raibh maith agat as na cúrsaí a eagrú, Cathal. Bhí sé an-taitneamhach; fuair mé níos mó eolais agus chas mé le roinnt daoine iontacha.

Rachadh an cúrsa seo chun sochair gach duine i limistéar an oibrithe go deonach/an spóirt agus ba cheart gach duine a chur ar an eolas air. B'ionadh dom an méid daoine nach raibh aon eolas acu faoi. B'fhéidir gurbh fhiú bord a bheith ag ionaid áirithe le feasacht a mhéadú i measc tuismitheoirí nua, ach b'fhéidir go mbeifeá plódaithe le daoine ansin!"

"Míle buíochas as na cúrsaí a eagrú. Bhí siad iontach agus is cinnte go molfainn iad d'aon duine atá bainteach sa spóirt i measc daoine óga as seo amach."

"Bhí na cúrsaí iontach, agus bhain mé an-taitneamh as gach cuid díobh. Is cinnte gur fhoghlaim mé go leor agus tá iad seo á gcur i bhfeidhm agam cheana féin isteach i mo chóitseáil."

## Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- Bronnadh 20 áit ag clárúchán.
- Chríochnaigh 8 nduine 100% de na modúil.
- Chríochnaigh 13 dhuine 66% de na modúil.





# Cás-Staidéir 3

## Picil-Liathróid Chathair na Mart

## Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Deiseanna a mhéadú do Dhaoine Fásta breacaosta páirt a ghlacadh i spórt/ngníomhaíocht choirp

- Tairbhí fisiciúla agus meabhrach araon a sholáthar.
- Gníomhaíochtaí nua a thabhairt isteach.



**Pictiúr:** Rannpháirtithe Pickleball i Giomnáisiam Choláiste Rís, Cathair na Mart

## Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Ba í aidhm an chláir oibriú i gcomhar le Daoine Fásta Breacaosta i gCathair na Mart le Spórt nua a thairiscint don phobal.

## Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

Cuireadh cruinniú ar siúl le roinnt rannpháirtithe a d'fhiosraigh faoi Phicil-Liathróid agus faoin bhféidearthacht é a thosú i gCathair na Mart.

Eagraíodh Tar agus Bain Triail As i gColáiste Rís i gCathair na Mart agus rinneadh é a fhógairt don phobal trí na meáin shóisialta agus sa nuachtán áitiúil.

D'fhreastail 24 rannpháirtí ar an imeacht Tar agus Bain Triail As. D'fhreastail Picil-Liathróid Éireann ar an gcéad seisiún, a cuireadh ar bun an tseachtain dar gcionn agus cuireadh clár 8 seachtaine ar bun ina dhiaidh sin.

## Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Cuireadh an gnáthchlár ar siúl 2 thráthnóna sa tseachtain i gColáiste Rís, Cathair na Mart
- Bhí 24 rannpháirtí ann
- Sárchaidreamh oibre leis an ngrúpa áitiúil
- Cheannaigh an grúpa trealamh agus cheannaigh roinnt rannpháirtithe a mbataí féin.

## Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

Ba ardán seolta é seo don ghrúpa a bheartaíonn anois Cumann Pickleball a bhunú i gCathair na Mart

## Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

**Tuairimí ó rannpháirtithe**

**Regina:** "Grúpa thar a bheith taitneamhach le tosú ag imirt picil-liathróid leo, míle buíochas le Ray agus le Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo agus le Mairéad a thugann go leor leor tacaíochta don ghrúpa, go raibh míle maith agaibh".

**Mairéad:** "Bhí spraoi den scoth ann ag picil-liathróid i measc na ndaoine a d'fhreastail in ainneoin gur oíche fhuar sheaca a bhí ann. Tá sárdhul chun cinn déanta ag gach duine".

## Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- Cuireadh an gnáthchlár ar siúl 2 thráthnóna sa tseachtain.
- Bhí 24 rannpháirtí ann





# Cás-Staidéir 4

## Oiliúint Teagascóirí Cadhcála Mhol Eachtraíochta Bhéal an Átha

## Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Oiliúint Teagascóirí Cadhcála Leibhéal 1 - Ba í aidhm an chláir seo ceannairí cadhcála a fhorbairt sa phobal. Tar éis gur éirigh le cúrsaí tús eolais ar chadhcáil do mhná agus do dhaoine óga in 2021, ba í aidhm an Mhoil don bhliain 2022 cur leis an rath sin agus bealaí breise a chruthú do rannpháirtithe dul chun cinn a dhéanamh. Bhain garchabhair, cosaint leanaí agus dianchúrsa oiliúna deireadh seachtaine teagascóirí Leibhéal 1 de chuid Aontas Canúála na hÉireann leis an oiliúint.



**Pictiúr:** Rannpháirtithe i gClár Oiliúna Leibhéal 1 Cadhc Bhéal an Átha

## Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Ceannairí nua cadhcála a fhorbairt sa phobal
- Dúshláin nua a chur roimh chadhcóirí óga gníomhacha.
- Deis a sholáthar ceangal go sóisialta agus caidreamh nua a chothú.

## What was involved in the running of the Programme/Initiative/Event?

- Idirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe leis an oiliúint a sholáthar.
- Fógraí a chruthú le cur chun cinn a dhéanamh
- Iarrthóirí oiriúnacha a shainaithint
- Deiseanna oiliúna scileanna réamhchúrsa a chruthú
- Oibriú leis an gcumann tumadóireachta áitiúil le haghaidh áiseanna seomra ranga
- Rannpháirtithe a nascadh leis an gcumann agus le soláthraithe áitiúla leis an bhfoghlaim iaroiliúna a theastaíonn uathu a thabhairt chun cinn

**Acmhainní:** Sholáthair trealamh agus saoráidí reatha na hacmhainní: • Aontas Canúála na hÉireann • Trealamh Mhol Eachtraíochta Bhéal an Átha • Soláthraí gníomhaíochta áitiúla • Rochtain ar uiscebhealaí áitiúla • Oiliúint Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

**Formáid:** Cláir oiliúna 1 nó 2 lá agus maoirseacht agus aiseolas fhadtéarmach ina ndiaidh

## Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Chríochnaigh 2 chadhcóir bhaineanna agus 2 chadhcóir shóisearacha an oiliúint ó na cláir thús eolais a reáchtáladh in 2021.
- Tallann nua agus spreagadh a chothú ó laistigh den phobal chun aghaidh a thabhairt ar an oiliúint agus ar oibriú go deonach as seo amach.
- Tugadh spóirt/gníomhaíochtaí nua isteach i measc spriocghrúpa ar leith agus tá scileanna ceannaireachta á bhforbairt d'acmhainneacht amach anseo.

## Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

- Tacú le rannpháirtithe fad a chuireann siad uaireanta an chloig i gcuntas faoi mhaoirseacht.
- Leanúint le cumarsáid dhlúth agus le dul chun cinn a dhéanamh leis an iarchohórt agus iarrthóirí nua a shainaithint.
- A mhacasamhail de chláir a chur ar siúl in 2023 le níos mó ceannairí a fhorbairt agus acmhainn a fhorbairt sa phobal agus sa chumann.

## Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

Sholáthair Mol Eachtraíochta Bhéal an Átha deis dhochreidte le cadhcáil a fhoghlaim anseo díreach ar leac ár ndorais i mBéal an Átha ar an Muaidh. Thug sé mná iontacha agus a bhfuil an spéis chéanna acu ar gach aois le chéile, nár shuigh an formhór díobh riamh roimhe seo i gcadhc agus go himeall an uisce chun aghaidh a thabhairt ar rud éigin éagsúil a dhéanamh ina saol.



## Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- 2 rannpháirtí bhaineanna
- 2 rannpháirtí shóisearacha
- Chríochnaigh 2 rannpháirtí gradam ceannaire réidhuisce Aontas Canúála na hÉireann in 2022
- 4 theagascóir nua faoi oiliúint sa phobal



# Cás-Staidéir 5

## Mol Spóirt Bhaile an Róba - Bí Gníomhach Istigh

## Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Tugadh an t-imeacht isteach le clár rialta gníomhaíochta a sholáthar do dhaoine fásta breacaosta i rith thréimhse an gheimhridh/drochaimsire.

Tar éis go raibh an rath ar Bhataí Siúil Activator in 2022, shainaithin an comhordaitheoir an gá leis an gclár seo a thabhairt taobh istigh i rith tréimhse thrombháistí agus dhrochaimsire chun go leanfaí ar aghaidh leis.

Tugadh seisiúin sheachtainiúla Bhataí Siúil Activator isteach san Ionad Spóirt agus Aclaíochta áitiúil agus tugadh gníomhaíochtaí eile taobh istigh, cosúil le cluichí Beir Beo ar an Saol, Scooch, Picil-Liathróid agus Leadóg Bhoird isteach le gníomhaíochtaí aoisoiriúnacha a sholáthar ag a bhfuil méideanna éagsúla soghluaisteachta agus leibhéal scile. Bhí rud éigin do gach duine le triail a bhaint as agus le páirt a ghlacadh ann.



**Pictiúr:** Baile an Róba Faigh Rannpháirtithe Gníomhacha Laistigh san Ionad Cois Locha

## Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Leanúint le gníomhaíocht taobh amuigh i rith aimsir fhuar/drochaimsire
- Tairbhí fisiciúla agus meabhrach araon a sholáthar.
- Gníomhaíochtaí nua a thabhairt isteach.
- Deis a thabhairt do dhaoine fásta breacaosta an tIonad Spóirt agus Aclaíochta a úsáid.
- Rud éigin a ligfeadh do dhaoine fásta breacaosta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar fud na bliana.

## Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

- Bhí baint cheana féin ag an spriocghrúpa i gclár Bhataí Siúil Activator agus i ngrúpaí pobail eile, agus bhí bunú maith cheana féin faoin gcumarsáid mar sin.
- Chuathas i gcomhpháirtíocht le: Ionad Spóirt agus Aclaíochta Cois Locha, Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, Ionad Acmhainní Teaghlaigh (FRC) Tacú, Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile an Róba, Mol Spóirt Pobail Bhaile an Róba
- Cruthaíodh bileoga sínithe isteach.
- Sholáthair an comhordaitheoir sólaistí.

**Sholáthair trealamh agus saoráidí reatha na hacmhainní:**

- Bataí Siúil Activator féin an lucht freastail agus stoc an chomhordaitheora
- Trealamh Scooch - fuair FRC Tacú é seo trí dheontas Aostachta agus Deiseanna
- Paca Cluichí Beir Beo ar an Saol – acmhainní Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo
- Paca Picil-Liathróide - acmhainní Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo
- Acmhainní Ionad Spóirt agus Aclaíochta Cois Locha

**Formáid:** Imeacht seachtainiúil maidin Dé hAoine ar feadh thart ar 1 uair agus sólaistí ina dhiaidh

## Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Clár an-rathúil a thosaigh trí sheans ach a bhfuil féidearthacht mhór aige.
- Imeacht spraíúil sóisialta agus fisiciúil do dhaoine fásta breacaosta i rith mhíonna an gheimhridh.
- Tá úsáid den chéad uair nó le tamall an-fhada anuas á baint ag daoine fásta breacaosta as an Ionad Spóirt agus Aclaíochta Pobail.
- Tugadh spóirt/gníomhaíochtaí nua isteach i measc spriocghrúpa ar leith

## Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

- Leanfaidh Bí Gníomhach Taobh Istigh ar aghaidh go seachtainiúil go dtí an tEarrach/Samhradh (cuirfear deireadh sealadach leis um Cháisc).
- Níos mó gníomhaíochtaí spóirt/áineasa taobh istigh a thabhairt isteach de réir mar a bheidh fáil ar threalamh agus ar chistiú – Bollaí Taobh Istigh, Badmantan
- Níos mó clár a chruthú do Dhaoine Fásta trí úsáid a bhaint as foireann agus acmhainní an Ionaid Aclaíochta, cosúil le: Láidreacht agus Aclú, Meáchain, Spineáil

## Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

**Aiseolas ó rannpháirtithe**

"Casaimid le agus déanaimid cairde nua fad atá na gníomhaíochtaí seo ar bun againn... molaim go mór go dtagann tú agus go mbíonn tú linn le haclaíocht a dhéanamh agus spraoi a bheith againn" – Cathaoirleach Ghrúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile an Róba

**Aiseolas ó Chomhpháirtithe**

"Is iontach a fheiceáil go bhfuil úsáid á baint ag an ngrúpa seo as an Ionad Spóirt agus go bhfuil an oiread sin taitnimh á bhaint acu as" - Ionad Spóirt agus Aclaíochta Chois Locha

## Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- 8 seachtaine ón 21/10/22
- Ghlac 29 Duine Fásta páirt – (27 bean – 2 fhear)
- Glacadh páirt 97 uair
- Cuireadh tús leis i nDeireadh Fómhair 2022.



# Cás-Staidéir 6

## Mol Spóirt Bhéal Átha hAmhnais – Aclaíocht Seanóirí – Rang Aclaíochta Cathaoireach Taobh Istigh

## Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?



Tugadh an t-imeacht isteach le clár rialta gníomhaíochta a sholáthar do dhaoine fásta breacaosta i rith thréimhse an gheimhridh/drochaimsire.

Tar éis go raibh rath ar an gclár Bataí Siúil Activator in 2021 agus in 2022, tháinig an gá aníos le dul taobh istigh mar gheall ar dhrochaimsir mar gheall go raibh fonn ar na Seanóirí leanúint orthu i mbun aclaíochta

## Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Leanúint i mbun gníomhaíochta i rith aimsir fhuar/drochaimsire
- Tairbhí fisiciúla agus meabhrach araon a sholáthar.
- Cabhrú le daoine sóisialú agus cupán tae a ól ina dhiaidh sin.
- Rud éigin a cheadódh do dhaoine fásta breacaosta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí i rith na bliana go léir agus éagsúlacht a chur ar fáil.

## Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

- Bhí baint cheana féin ag an spriocghrúpa i gclár Bhataí Siúil Activator agus i ngrúpaí pobail eile, agus bhí bunú maith cheana féin faoin gcumarsáid mar sin.
- Chuathas i gcomhpháirtíocht le: Comhlachas Tráchtála Bhéal Átha hAmhnais, Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, TC's Fitness, Béal Átha hAmhnais, Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir, Grúpa Gníomhaíochta Lucht 55 Bliain d'Aois (Active 55s), Tithíocht Shóisialta Bhéal Átha hAmhnais, Mol Spóirt Bhéal Átha hAmhnais
- Teach Pobail, Clarecourt, Béal Átha hAmhnais, ionad freastail do chónaitheoirí aosta Clarecourt, a úsáid
- Sholáthair an comhordaitheoir sólaistí.

**Soláthraíodh na hacmhainní ó threalamh agus ó shaoráidí reatha:**

- Sholáthair TC's Fitness buidéil uisce mar mheáchain, agus spreagadh daoine a gcinn féin a thabhairt leo.
- Tá cistin sa tsaoráid, a dhéanann éasca ar an gcomhordaitheoir é sólaistí a sholáthar
- Chinntigh cathaoireacha láidre go raibh an rang sábháilte.
- Chuir an Teagascóir an ceol ar fáil.
- Tá nuachtlitreacha agus grúpaí WhatsApp ar fáil leis an imeacht a chur chun cinn.

**Formáid**

Imeacht seachtainiúil maidin Dé Luain ar feadh thart ar 1 uair agus cuirtear sólaistí ar fáil ina dhiaidh.

## Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Clár an-rathúil ar lean na líonta céanna daoine ag freastal air.
- Imeacht spraíúil sóisialta agus fisiciúil do dhaoine fásta breacaosta i rith mhíonna an gheimhridh.
- Daoine fásta breacaosta trí úsáid a bhaint as an Teach Pobail.
- Tugadh spóirt/gníomhaíochtaí nua isteach i measc spriocghrúpa ar leith, bhí na rannpháirtithe leathanaigeanta agus thosaigh siad Taidh Tsí, ióga cathaoireach etc.

## Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

- Leanúint go lár mhí Feabhra leis an gclár
- Atosófar Bataí Siúil Activator i bhFeabhra, tá a mbataí féin ag an bhformhór
- Tosófar leis an dara gníomhaíocht Taidh Tsí gach seachtain

## Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

Aiseolas ó rannpháirtithe

**Talib Chaudhry**

Cheap mé nach bhféadfainn ach aclaíocht chathaoireach a dhéanamh mar gheall ar mo dhrochghluaiseacht agus tá áthas an domhain orm go bhfuilim muiníneach anois ag siúl sa rang Bataí Siúil Activator

**Aiseolas ó Mhic**

An Dochtúir Chaudhry atá bunaithe sa Phacastáin: tá áthas an domhain ar m'athair nuair a labhraím leis. Tá sé an-bhródúil as féin as aclaíocht a dhéanamh agus tá áthas an domhain orm gur aimsíomar gníomhaíocht a oireann dá riachtanais

**Rannpháirtithe sa Ghrúpa**

Tá sé dochreidte a thabhairt faoi deara go bhfuil an grúpa go léir ag bogadh thart níos fearr, agus go bhfuil Talib linn agus gan é a bheith neirbhíseach siúl gan a Shiúladán Rothaí.

## Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- 8 seachtaine, 2 bhloc 4 seachtaine, ina mbaintear úsáid mheasctha as Bataí Siúil Activator eatarthu
- Ghlac 16 Dhuine Fhásta páirt – (13 bhean – 3 fhear)
- Déanann an grúpa WhatsApp teagmháil le 50 duine gach seachtain, a mhéadaíonn feasacht





# 5 Mná sa Spórt

## RÉAMHRÁ

D'fhoilsigh Spórt Éireann a Bheartas nua Mná sa Spórt (WIS) i Márta 2019. Tugtar cuntas sa bheartas ar fhís Spórt Éireann do mhná sa spórt mar fhís ina dtugtar comhdheiseanna do mhná a lánchumas a bhaint amach, agus taitneamh á bhaint as a bheith bainteach sa spórt ar feadh an tsaoil. Tá Spórt Éireann tiomanta don bhaint mharthanach a mhéadú atá ag mná sa spórt mar chóitseálaithe, oibrithe deonacha, baill de chumann, lúthchleasaithe, tacadóirí, ceannairí, agus rannpháirtithe idir thosaitheoirí agus bhuaiteoirí. Glacann CSME le príomhról i measc roinnt gníomhartha leis an gclár Mná sa Spórt a sholáthar. Bhunaigh Aonad Mná sa Spórt de chuid Spórt Éireann, anuas ar CSME, roinnt clár, tionscnamh, agus deiseanna a bhfuil mar aidhm acu rannpháirtíocht chomhionann a bhaint amach idir fir agus mná sa spórt.


Tá CSME tiomanta do rannpháirtíocht mharthanach ban sa spórt a mhéadú agus bhronn CSME €45,000 in 2022 le cláir a reáchtáil a dhíríonn ar dheiseanna rannpháirtíochta a sholáthar do mhná agus do chailíní. Mar thoradh air seo, ghlac 1,906 bean páirt i 9 gclár spriocdhírithe Mná sa Spórt in 2022. Anuas ar na tionscnaimh áitiúla seo, thacaigh CSME le roinnt tionscnaimh náisiúnta in 2022 faoi mar a dtugtar cuntas air thíos.

## SEACHTAIN NA MBAN SA SPÓRT

Ghlac mná agus cailíní páirt i gcláir agus in imeachtaí i Márta 2022 i rith Sheachtain na mBan sa Spórt. Ghlac CSME páirt sa tseachtain agus cloíodh leis na téamaí a leag Spórt Éireann amach gach lá agus rinneadh mná agus cailíní sa spórt a chur chun cinn. Rinne CSME seimineáir ghréasáin agus imeachtaí aclaíochta ar líne a chur chun cinn agus a tugadh cóitseálaithe, réiteoirí, agus ceannairí baineanna ina spórt chun solais i gcaitheamh na seachtaine.

Ba léir go raibh an rath ar an tseachtain mar gheall gur tháinig méadú suntasach ar an rannpháirtíocht le CSME trí chainéil mheán sóisialta. Ócáid bhliantúil anois í Seachtain na mBan sa Spórt le Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh agus tá súil leis go ndéanfar níos mó rannpháirteachais le páirtithe leasmhara sna blianta amach romhainn.





**PICTIÚR:** Rannpháirtithe Cailíní sna Déaga in HER MOVES



## SEACHTAIN TAOBH AMUIGH HER

Sheol Spórt Éireann an chéad Seachtain Taobh Amuigh HER i Lúnasa 2021 agus bhí an rath geal air in 2022. Tá mar aidhm ag an tseachtain seo níos mó cailíní a spreagadh dul amach faoin domhan mór faoin spéir agus triail a bhaint as gníomhaíocht nua taobh amuigh den chéad uair. Chuaigh Spórt Éireann Taobh Amuigh i bpáirt le CSME le tionscnaimh a reáchtáil a spreag mná agus cailíní bheith gníomhach taobh amuigh ar leibhéal áitiúil. Bhí an-rath go deo ar an tseachtain agus cuireadh breis agus 26 imeacht ar siúl i gcaitheamh na seachtaine ar fud Mhaigh Eo agus ghlac 300 bean agus cailín páirt iontu. Titfidh Seachtain Taobh Amuigh HER amach arís in 2023 ón 14 go dtí an 20 Lúnasa agus bronnadh €2,500 ar CSME chun tacú leis an tionscnamh ar leibhéal áitiúil.

HER OUTDOORS WEEK





**PICTIÚR:** Rannpháirtithe i gClár Taobh Amuigh HER i Lúnasa 2022




# 6

# Na Chéad Chéimeanna Eile do CSME

## RÁITEAS UAILLMHÉINE COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ ÁITIÚLA SPÓIRT

Bunaíodh CSME in 2004 chun cabhrú le daoine bheith gníomhach agus na bacainní a bhaint atá roimh rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht choirp. Ba í an uaillmhian tosaigh don líonra LSPanna soláthar agus seirbhís a chur ar fáil do gach ceantar áitiúil i dtaobh na riachtanas uile rannpháirtíochta spóirt agus gníomhaíochta coirp. Tar éis gur tháinig fairsingiú air, go ndearna sé soláthar éifeachtach agus go raibh an rath air ar feadh 21 bliain, thug Spórt Éireann faoi phróiseas inar sainíodh an treo dá líonra LSPanna i rith 2022. Tar éis na míonna i ndiaidh a chéile a chaitheamh ag dul i mbun comhairle fhorleathan le foireann an LSP, lena mboird agus a ngrúpaí stiúrtha, a bpáirtithe leasmhara agus leis an earnáil níos fairsinge spóirt, forbraíodh Ráiteas Uaillmhéine do líonra LSPanna Spórt Éireann. Chun tacú leis an Ráiteas Uaillmhéine, leanfaidh Spórt Éireann ag tabhairt tacaíochta chun go mbíonn acmhainní éifeachtacha ag na LSPanna ar gach leibhéal le deiseanna áitiúla a sholáthar do gach duine le taitneamh a bhaint as na tairbhí ar feadh an tsaoil a chruthaíonn deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp. Déanfaidh Spórt Éireann athbhreithniú ar na poist chistithe laistigh de na LSPanna agus scrúdóidh sé conas is féidir acmhainní a sholáthar do na róil reatha chun an aghaidh is éifeachtaí a thabhairt ar threo na LSPanna amach anseo. Rinne Spórt Éireann an cistiú a imfhálú i mbuiséad 2023 an Aonaid Rannpháirtíochta lena cheadú an t-athstruchtúrú riachtanach a dhéanamh ar LSPanna.

## INFHEISTÍOCHT CHOMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO

Tacóidh straitéis CSME, trí chistiú Spórt Éireann, le leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i gcláir agus in acmhainní daonna in 2023, le tionscnaimh nua cosúil leis an gClár Píolótach Gníomhaíochta Coirp don tSláinte, Infheistíocht Chiste Sóisialta na hEorpa do thionscnaimh ionchuimsithe shóisialta agus cláir Caitheamh Aimsire Taobh Amuigh. Leanann CSME lena chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag gach duine inár sochaí taitneamh a bhaint as na tairbhí meabhairshláinte agus sláinte fisiciúla a chruthaíonn spórt agus gníomhaíocht choirp i rith na tréimhse gan choinne seo. Tugann an méadú ar infheistíocht an deis do CSME tacú le filleadh níos ionchuimsithí ar an spórt.

## CUMARSÁID AGUS FEASACHT

Déanfaidh infheictheacht agus feasacht mhéadaithe ar CSME earcaíocht oibrithe deonacha, infheistíocht áitiúil agus, thar aon ní eile, an t-aimsiú a mhéadú do na spriocghrúpaí is dúshlánaí. Le haghaidh a thabhairt ar Ghníomhartha 6, 7 agus 9 den Bheartas Náisiúnta Spóirt, caithfidh acmhainní a bheith ag CSME "an rannpháirtíocht is fairsinge agus is féidir a chur chun cinn le cáilíocht agus inrochtaineacht do gach grúpa a chinntiú". Mheall suíomh gréasáin CSME breis agus 3,900 amharc agus bhí breis agus 10,500 leantóir aige ar a n-ardáin éagsúla mheán sóisialta in 2022. Ach ba é an dúshlán ba mhó a bhí roimh CSME deiseanna gníomhaíochta coirp a chur chun cinn agus feasacht a mhúscailt orthu do na grúpaí siúd is deacair a aimsiú, daoine faoi mhíchumas, faoi mhíbhuntáiste, mionlaigh eitneacha etc. san áireamh. Chun tacú le hobair um chur chun cinn agus le haghaidh a thabhairt ar fheachtais náisiúnta go háitiúil, rinne CSME €15,000 a infheistiú trí chistiú Spórt Éireann in 2022. De bhreis air sin, leanann Spórt Éireann le €35,000 a bhronnadh maidir le hOifigeach Promóisean agus Feasachta a fhostú a thosaigh lena bhfostaíocht le CSME in Eanáir 2022.

## FILLEADH AR AN SPÓRT

Nuair a dhéantar SIDO, CSDO agus oifigigh bhreise a fhostú, is tábhachtach na poist seo a sholáthar leis an tacaíocht agus na hacmhainní a theastaíonn chun cláir shábháilte agus éifeachtacha a sholáthar ar leibhéal áitiúil. Tá coinne leis in 2023 go dtabharfaidh CSME costais mhéadaithe soláthair faoi deara mar gheall ar mhéaduithe ar an gcostas maireachtála. Beidh gá leanúnach ann chun tacú le cumainn spóirt agus le pobail timpeall na tíre de réir mar a leanann siad ag filleadh ar an spórt in 2023 agus mar a dhéanann siad iarracht a mbaill, a rannpháirtithe agus a n-oibrithe deonacha a earcú agus a athghníomhachtú.

## PLEANANNA SPÓIRT ÁITIÚLA

Leagadh an dualgas i nGníomh 8 den Bheartas Náisiúnta Spóirt ar Spórt Éireann tacú le hÚdaráis Áitiúla i dtaobh Pleananna Spóirt Áitiúla a fhorbairt atá ar aon dul leis an bhfís agus le cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt. Tugann Spórt Éireann tús áite do chasadh le Coiste Eacnamaíochta, Fiontraíochta, Pobail agus Cultúir Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) le plé a dhéanamh ar Phleananna Spóirt Áitiúla a fhorbairt ina soláthraítear teimpléid don fhorbairt i ngach limistéar údaráis áitiúil. Déanfaidh Spórt Éireann plé freisin ar fhoireann CSME a earcú agus a fhostú, cód rialachais CSME a chomlíonadh i gcomhthéacs Údaráis Áitiúil agus ar straitéisí cistithe Spórt Éireann do CSME atá bunaithe in Údarás Áitiúil. Rinne Spórt Éireann buiséad a bhronnadh i mbuiséad 2023 an Aonaid Rannpháirtíochta le cuidiú le forbairt a dhéanamh ar Phleananna Spóirt Áitiúla.

## RIOSCAÍ GEILLEAGRACHA A BHAINISTIÚ

Tuigeann CSME na rioscaí i leith gheilleagar na hÉireann a chruthaíonn ceisteanna nach bhfuil aon neart againn orthu agus go bhféadfadh laghdú teacht ar infheistíocht ón rialtas láir sna blianta amach romhainn má tá an dealramh air go bhfuil iarmhairtí geilleagracha na n-imeachtaí seo diúltach. Trí leanúint le hardinfheistíocht a dhéanamh i gcláir agus in acmhainní daonna in 2023, is fearr is féidir le cistiú CSME, trí Spórt Éireann, dul i ngleic le suaitheadh féideartha geilleagrach amach anseo agus is lú baol go gcuirfear isteach ar acmhainní daonna agus ar na drochiarmhairtí gaolmhara ar acmhainní daonna, iontaoibh, agus forbairt spórt.



# 7

# Aguisíní

## Aguisíní

### Aguisín A

Baill de Choiste CSME

| Ainm | Eagraíocht | Earnáil |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Michael Loftus | Comhairle Contae Mhaigh Eo | Rialtas Áitiúil (Cathaoirleach) |
| An tUasal Deirdre Finnerty | Comhairle Contae Mhaigh Eo | Forbairt Pobail agus Chomhtháite |
| An tUasal Donal Newcome | Comhairle Contae Mhaigh Eo | Oifigeach Spóirt agus Turasóireachta |
| An Comhairleoir Mark Duffy | Comhairle Contae Mhaigh Eo | Rialtas Áitiúil |
| An tUasal Jackie Lynott | FSS | Reachtúil |
| An tUasal Nigel Jennings | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh | Reachtúil |
| An tUasal Catherine McCloskey | Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas | Forbairt Áitiúil |
| An tUasal Siobhán Carroll Webb | LEADER Mhaigh Eo Thoir Thuaidh | Forbairt Áitiúil |
| An tUasal Pat Howley | BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma | Reachtúil |
| An tUasal Jenna Walsh | Meabhairshláinte Mhaigh Eo | Pobal |
| Lyndon Jones | Rugbaí Chonnacht | Spórt |
| An tUasal James Larkin | Sraithchomórtas Mhaigh Eo | Spórt |
| An tUasal Fran Downey | CLG Mhaigh Eo | Spórt |
| Mr. Neil Masterson | LRP Mhaigh Eo | Ionchuimsiú Sóisialta |
| An tUasal David Tiernan | An Garda Síochána | Reachtúil |

### Aguisín B

## Gluais Téarmaí

**CARA**

Eagraíocht náisiúnta é CARA a sholáthraíonn ardán comhoibritheach agus comhpháirtíochta ar fud na hÉireann le tionchar a imirt ar bharr feabhais a chur ar dheiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp do dhaoine faoi mhíchumas.

**Oifigeach Leanaí Cumainn**

Ról oibrí dheonaigh é an tOifigeach Leanaí Cumainn laistigh de chumann spóirt. Is é/í an nasc idir na leanaí agus na daoine fásta sa chumann. Glacann sé/sí le freagracht as monatóireacht agus as tuairisciú a dhéanamh do Choiste Bainistíochta an Chumainn ar conas a imríonn beartas an chumainn tionchar ar dhaoine óga agus ar Cheannairí Spóirt. Ba cheart go mbeadh an tOifigeach Leanaí Cumainn ina mball de Choiste Bainistíochta an Chumainn nó ba cheart go mbeadh teacht acu ar an gcoiste sin agus ba cheart iad a chur in aithne do na daoine óga i bhfóram cuí.

**CSDO – Oifigeach Forbartha Spóirt Pobail**

Is í aidhm an Oifigigh Forbartha Spóirt acmhainn Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a threisiú agus a bhreisiú chun forbairt bhreise a dhéanamh ar phleananna a stiúrtar go háitiúil agus ar níos mó cláir fhadtéarmacha inbhuanaithe ghníomhaíochta coirp faoin bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp.

**CSPAH – Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Coirp Pobail**

Is é cuspóir na CSPAHanna atá cistithe ag na Cuntais Dhíomhaoine daoine áitiúla a thabhairt le chéile agus bunáit a sholáthar do chumainn agus d'eagraíochtaí spóirt. Cuirtear eolas, tacaíocht agus comhairle ar fáil sna Moil ar réimse fairsing spóirt agus gníomhaíochtaí coirp le hé a dhéanamh níos éasca ar dhaoine i gceantair faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh in agus tabhairt faoi stíl mhaireachtála níos gníomhaí agus níos sláintiúla.

**CYPSCanna – Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga**

Coiste ar leibhéal contae iad CYPSCanna a thugann na príomhsholáthraithe reachtúla, pobail agus deonacha seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga le chéile. Cuireann siad fóram ar fáil le gníomhaíocht a chomhphleanáil agus a chomhordú lena chinntiú go dtugtar seirbhísí níos fearr agus inrochtana do leanaí, daoine óga agus dá dteaghlaigh. Is é a ról feabhas a chur ar chomhoibriú idirghníomhaireachta agus na náisiúnta a bhaint amach a leagtar amach in Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020.

**An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**

Bunaíodh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2011. Tá príomhról ag an Roinn i dtaobh gnéithe ríthábhachtacha a sholáthar de ghníomhaíocht gheilleagrach na hÉireann, forbairt bhreise a dhéanamh ar ár mbonneagar agus seirbhísí iompair agus tacú le agus feabhsú ár n-earnálacha tábhachtacha turasóireachta agus spóirt, ina measc sin.

**Duine Ainmnithe Idirchaidrimh**

Ról oibrí dheonaigh é an Teagmhálaí Ainmnithe laistigh de chumann spóirt. Tá an Teagmhálaí Ainmnithe freagrach as a chinntiú go gcloítear leis an nós imeachta caighdeánach tuairiscithe, chun go gcuirtear cásanna amhrasta d'fhaillí i leanaí nó de mhí-úsáid leanaí go pras faoi bhráid an teagmhálaí ainmnithe in TUSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach nó i gcás éigeandála agus nach bhfuil fáil ar TUSLA, an Garda Síochána.

**CCD – Ciste na gCuntas Díomhaoin**

Tá an tAire Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail freagrach as Ciste na gCuntas Díomhaoin. Faigheann Spórt Éireann Cistiú na gCuntas Díomhaoin tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun tacú le tionscnaimh spóirt agus gníomhaíochta coirp chun cabhrú le forbairt phearsanta nó shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste geilleagrach nó sóisialta, le forbairt oideachais daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachais nó le daoine atá faoi mhíchumas.

**CSE – Ciste Sóisialta na hEorpa**

Ciste ar fuair Spórt Éireann cistiú 5 bliana dó chun oifigigh forbartha spóirt a earcú le cláir rannpháirtíochta a sholáthar.

**BOOanna – Boird Oideachais agus Oiliúna**

Údaráis oideachais reachtúla iad BOOanna atá freagrach as oideachas agus oiliúint, obair don ógra agus réimse eile feidhmeanna reachtúla. Bainistíonn agus oibríonn BOOanna scoileanna dara leibhéal, coláistí breisoideachais, pobalscoileanna náisiúnta píolótacha agus réimse ionaid bhreisoideachais agus oiliúna do dhaoine fásta ina soláthraítear cláir oideachais agus oiliúna.

**Measúnú**

Is éard is measúnú ann ná an measúnú córasach ar dhearadh, cur i bhfeidhm, aschur agus torthaí tionscnaimh ar mhaithe le foghlaim, agus le heolas a chur ar fáil do chinnteoireacht amach anseo.

**Athbhreithniú Fitzpatrick agus a Chomhpháirtithe ar LSPanna**

Tuarascáil a d'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta in 2005 é Athbhreithniú Fitzpatrick agus a Chomhpháirtithe ar LSPanna. Déantar measúnú sa tuarascáil ar dhul chun cinn na LSPanna i dtaobh na bpríomhaidhmeanna agus na bpríomhchuspóirí, agus déantar roinnt moltaí ann don tionscnamh LSP.

**GIW – Éire a Spreagadh chun Siúil**

Tionscnamh Spórt Éireann é an clár Éire a Spreagadh chun Siúil a bhfuil mar chuspóir aige an líon daoine a uasmhéadú a ghlacann páirt i siúl, ar mhaithe le sláinte, folláine agus aclaíocht, ar fud na hÉireann.

**ÉS – Éire Shláintiúil**

Is é Éire Shláintiúil: Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe, an creat náisiúnta le haghaidh gníomhaíocht uile-Rialtais agus uileshochaí chun feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine gach duine a chónaíonn in Éirinn. Leagtar amach ann ceithre sprioc lárnacha agus tugtar cuntas ann ar ghníomhartha faoi shé limistéar théamacha, inar féidir leis an tsochaí páirt a ghlacadh chun na spriocanna seo a bhaint amach. Sainaithnítear sa chreat roinnt gníomhartha fairsinge idirearnála, a ngeallann ceann amháin díobh do phlean a fhorbairt le leibhéil mhéadaithe ghníomhaíochta coirp a chur chun cinn.

**FSS – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

Is é FSS an t-údarás reachtúil atá freagrach as Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta Pearsanta a sholáthar dóibh siúd a chónaíonn i bPoblacht na hÉireann.

**LCDC – Coiste Forbartha Pobail Áitiúil**

Faoi alt 36 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, ní mór do gach údarás áitiúil Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a bhunú. Is é aidhm na LCDCanna cur chuige comhleanúnach agus comhtháite i leith forbairt áitiúil agus pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

**LSP – Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt**

Tionscnamh de chuid Spórt Éireann iad LSPanna agus tá mar aidhm acu forbairt spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil. Is iad príomhaidhmeanna na LSPanna rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú, agus a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní áitiúla leis an éifeacht is fearr a bhaint amach. Tá tionscnamh an LSP i gceartlár straitéis rannpháirtíochta Spórt Éireann.

**CSME – Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo**

Fochoiste de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo iad Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo agus soláthraíonn Spórt Éireann croíchistiú dóibh. Bunaíodh i Samhain 2004 iad agus is é a bpríomh-shainchúram rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú agus úsáid acmhainní a uasmhéadú ar leibhéal áitiúil.

**NGB – Comhlacht Rialaithe Náisiúnta**

Eagraíocht atá aitheanta ag Spórt Éireann a dhéanann forbairt spórt nó spóirt ar leith a chomhordú trí chomhchumainn.

**NPAP – An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp**

Sheol an Rialtas an chéad Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp riamh in Éirinn a bhfuil mar chuspóir aige ar a laghad leathmhilliún Éireannach breise a spreagadh dul i mbun aclaíocht rialta laistigh de dheich mbliana. Is í an phríomhsprioc an líon daoine a mhéadú a dhéanann aclaíocht rialta faoi 1% sa bhliain i gcaitheamh deich mbliana trí ghnáthchuid den ghnáthshaol a dhéanamh d'aclaíocht agus trí níos mó deiseanna a thabhairt do dhaoine a bheith gníomhach.

**An Beartas Náisiúnta Spóirt**

Sheol an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an 25 Iúil 2018.

**Daoine Breacaosta**

Faoi mar a úsáidtear ar fud na tuarascála seo, tagraíonn an téarma 'daoine breacaosta' do dhaoine níos sine ná 50 bliain d'aois.

**OT – Operation Transformation**

Seó teilifíse sláinte agus aclaíochta é Operation Transformation a chraoltar ar RTÉ. Chuaigh Spórt Éireann i bpáirt le Operation Transformation ó 2011 le réimse imeachtaí a fhorbairt le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a chur chun cinn.

**OD&C – An tAonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta**

Díríonn an tAonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta i Spórt Éireann príomha ar thacaíocht a sholáthar do na heagraíochtaí spóirt a fhaigheann cistiú ó Spórt Éireann, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt san áireamh.

**OCB – Forbairt Cumais Eagraíochta**

Is iad seo na seirbhísí a sholáthraíonn an tAonad OD&C chun cabhrú leis na 8 limistéar cumais a fhorbairt agus a thógáil do chlianteagraíochtaí spóirt. Is iad na 8 limistéar cumais seo: Ceannaireacht Eagraíochta, Bainistíocht Athruithe, Bainistíocht Riosca, Pleanáil Straitéiseach, Bainistíocht Feidhmíochta Fostaithe, Bainistíocht Tionscadal, Rialachas Corparáideach agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara.

**PAFHO – Oifigeach Gníomhaíochta Coirp don tSláinte**

Clár píolótach 3 bliana a chistítear trí Slaintcare. Roghnaítear 6 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt le hoifigeach a fhostú a chabhróidh le daoine ar a bhfuil galair ainsealacha teacht ar chláir phríomhshrutha LSP.

**SIDO – Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas**

Tá mar aidhm ag SIDOanna deiseanna a sholáthar do rannpháirtíocht i ndeiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp do dhaoine faoi mhíchumas. Féach an Clár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas

**SOLAS – an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna**

Is é SOLAS an ghníomhaireacht náisiúnta oiliúna agus fostaíochta atá freagrach as cabhrú leo siúd a bhfuil fostaíocht á lorg acu.

**Beart Earra Shingil – M1**

Beart féintuairiscithe a dhéantar a bhailíochtú go hidirnáisiúnta é an Beart Earra Shingil – M1 a cheadaíonn do dhuine rátaí rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a rianú.

**SPEAK – Córas Pleanála Straitéisí, Measúnaithe agus Eolais**

Táirge de chuid NEXUS Research (comharchumann neamhbhrabúsach taighde atá bunaithe i mBaile Átha Cliath) é córas SPEAK a chuireann ar chumas eagraíochtaí féinmheasúnú a dhéanamh, óna n-eascraíonn tuiscint chuimsitheach ar obair na heagraíochta agus ar thionchair na hoibre sin.

**Spórt Éireann**

Tugann Spórt Éireann an Chomhairle Spóirt, Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt, Institiúid Spóirt na hÉireann agus Oiliúint Éireann le chéile le comhlacht nua, cuíchóirithe agus dinimiciúil a chruthú le todhchaí spórt na hÉireann a chur chun cinn. Údarás reachtúil é Spórt Éireann a bhfuil mar chuspóir aige forbairt inbhuanaithe an spóirt iomaíoch agus caithimh aimsire in Éirinn a phleanáil, a stiúradh agus a chomhordú.

**SIDP – an Clár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas**

Clár le níos mó daoine faoi mhíchumas a spreagadh agus a éascú páirt a ghlacadh i ndeiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp, agus cumainn agus cláir inbhuanaithe i ngach suíomh a fhorbairt.

**Inbhuanaitheacht (i dtaobh chláir rannpháirtíochta CSME)**

Clár inbhuanaithe é clár a n-eascraíonn rannpháirtíocht mharthanach sa spórt agus/nó i ngníomhaíocht choirp as a bhfuiltear in ann féinchothabháil a dhéanamh air (gan tacaíocht dhíreach ó LSP).

**TUSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**

Rinneadh aonán neamhspleách dlíthiúil den Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach an 1 Eanáir 2014 ina bhfuil Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS, an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais agus cuimsítear ann freisin roinnt seirbhísí síceolaíochta agus réimse seirbhísí a fhreagraíonn don fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe. Gníomhaireacht thiomnaithe Stáit anois is ea an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach atá freagrach as feabhas a chur ar fholláine agus ar thorthaí do leanaí.

**WIS – Mná sa Spórt**

Tionscnamh de chuid Spórt Éireann é seo a bhfuil de chuspóir aige rannpháirtíocht bhan sa spórt a mhéadú trí dheiseanna malartacha a sholáthar agus trí chláir shonracha a fhorbairt a dhíríonn ar mhná agus ar chailíní.

Mayo Sports Partnership

Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

SPORT IRELAND

Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo
Oifig Pobail & Fiontair
Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo

**T:** 094 906 4360
**E:** msp@mayococo.ie
**W:** www.mayo.ie/sportspartnership

@Mayo Sports Partnership
@MayoSport1

MAYO.IE

SPORT IRELAND
LOCAL SPORTS PARTNERSHIPS